poistphoiblí
publicjobs

Tuarascáil Bhliantúil 2025



RECOGNISED BY EFQM ★★★★★ FOR SUSTAINABLE PERFORMANCE 2025

Is éard atá i gceist le poistphoiblí ná an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, a bunaíodh faoin Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004-2013

Clár na nÁbhar

Réamhrá ón gCathaoirleach 3
Réamhrá ón POF 4
Struchtúr na Tuarascála 5

Ionad barr feabhais um earcaíocht seirbhíse poiblí
Soláthar Seirbhíse Earcaíochta 7
Cuairt an Aire Chambers ar poistphoiblí 9
Ár Straitéis Chorparáideach nua a Fhoilsiú 11
Ár nArdán Earcaíochta nua a thabhairt isteach 12
Aitheantas 5-réalta ó EFQM 14
Buaiteoir na catagóire Lucht Saothair na Todhchaí CSEIA 16
Beartas Nua um Príomhtháscairí Feidhmíochta (KPI) 17

An chéad rogha do chliaint
Earcaíocht Státseirbhíse 20
Earcaíocht Seirbhíse Poiblí 22
An Coiste um Cheapacháin Ardleibhéil (TLAC), Earcaíocht d'Oifigigh Shinsearacha agus Feidhmiúcháin, agus Boird Stáit 25
An tAonad um Sheirbhísí Measúnaithe agus Comhaltaí Boird 26
Taithí an Chliaint 28

An áit a gcuireann cuardaitheoirí poist tús lena gcuardach
Chuir muid méadú faoi dhó ar an bhfeasacht faoi bhranda poistphoiblí 31
Reáchtáladh feachtas Meallta Tallainne eile sna meáin 32
An Feachtas Margaíochta Earcaíochta is Fearr ag Gradaim na Cónaidhme Fostaíochta agus Earcaíochta (ERF) 32
Chuir muid méadú mór ar líon leantóirí ár meán sóisialta 33
Freastal ar imeachtaí ar fud na tíre 34
Conairí tallainne agus bealaí isteach éagsúla 35
Linn tallainne níos leithne agus níos éagsúla a chruthú 37
Taithí an Iarrthóra 37

Ár gcumasóirí
Daoine agus Cultúr 40
Rialachas 44
Teicneolaíocht 56

Réamhrá ón gCathaoirleach



Mar Chathaoirleach, cuirim fáilte roimh fhoilsiú Thuarascáil Bhliantúil poistphoiblí le haghaidh 2025.

Comhlíonann poistphoiblí sainordú tábhachtach mar an soláthraí láraithe seirbhísí earcaíochta, measúnaithe agus roghnúcháin don státseirbhís agus don tseirbhís phoiblí in Éirinn, agus chun seasamh le prionsabail na hearcaíochta atá neamhspleách agus bunaithe ar fhiúntas.

Bliain ina ndearnadh athruithe suntasacha san eagraíocht a bhí in 2025, agus leagtar amach sa Tuarascáil Bhliantúil an raon gníomhaíochtaí oibre agus tionscadal ar thug poistphoiblí fúthu agus a cuireadh i gcrích le linn na bliana. Léirítear gur éirigh leis an eagraíocht leanúnachas seirbhíse a choinneáil ar bun agus leanúint de sheirbhísí ar ardchaighdeán a chur ar fáil do chustaiméirí ar an mórchóir.

Is mian liom buíochas a ghabháil le baill foirne agus le lucht bainistíochta poistphoiblí as a gcuid oibre crua agus as a gcuid díograise le linn na bliana, agus as an inoiriúnaitheacht agus athléimneacht a léirigh siad.

Táim ag tnúth le bheith ag obair le POF nua poistphoiblí, Paul Geraghty, agus le tacú le poistphoiblí a shainordú agus a straitéis a bhaint amach le linn 2026.

Tom Moran

Cathaoirleach, poistphoiblí

Focal ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin



Mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin, tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil poistphoiblí 2025 a chur i láthair.

Taispeánann an Tuarascáil Bhliantúil cuid mhór den tsárobair agus de na héachtaí iontacha a rinne poistphoiblí le linn 2025.

Ba bhliain í 2025 d'athruithe, claochlú agus soláthar maith seirbhísí do poistphoiblí – ó straitéis chorparáideach nua a fhorbairt go dtí ardán earcaíochta nua a thabhairt isteach, ó chomórtais earcaíochta thábhachtacha a bhainistiú agus a chur i gcrích go dtí na mílte iarrthóir a cheapadh i róil ar fud na státseirbhíse agus na seirbhíse poiblí.

Tuigim go maith an dea-cháil atá ar poistphoiblí, agus mar POF a ceapadh le déanaí, tuigim an fhreagracht atá ormsa anois as obair poistphoiblí a threorú agus a mhúnlú, agus tacú léi amach anseo, lena chinntiú go leanfaidh muid leis an obair atá á déanamh againn chun athruithe dearfacha a chur i bhfeidhm agus a leabú, agus chun feabhas a chur ar ár modh oibre.

Is mian liom aitheantas a thabhairt d'obair chrua agus do dhíograis na foirne le linn 2025, agus buíochas a ghabháil leo as an bhfáilte chroíúil a chuir siad romham ó tháinig mé isteach san eagraíocht go luath in 2026.

Táim ag tnúth le bheith ag obair leis na baill foirne, leis an bhFoireann Feidhmiúcháin agus leis an mBord, chun poistphoiblí a threorú agus chun tuilleadh éachtaí agus ratha a bhaint amach sa todhchaí.

Paul Geraghty
POF, poistphoiblí

Struchtúr na Tuarascála
Is struchtúr téamach atá sa tuarascáil seo, a phléann leis na trí thosaíocht straitéiseacha a leagtar amach sa straitéis 'Earcaíocht a Dhéanamh go Diongbháilte' de chuid poistphoiblí, atá le fáil ar ár suíomh gréasáin. Tugtar faisnéis faoin dul chun cinn atá déanta chun na tosaíochtaí straitéiseacha sin a bhaint amach le linn 2025.

Is iad na tosaíochtaí straitéiseacha sin:

- **An t-ionad barr feabhais d'earcaíocht seirbhíse poiblí:** Tá sé mar aidhm againn a bheith chun tosaigh maidir le hearcaíocht earnála poiblí in Éirinn. Trí nuálaíocht agus trí dhea-chleachtas earcaíochta, agus trínár dtaighde agus ár dtuiscintí a roinnt, múnlóidh muid todhchaí an bhairr feabhais earcaíochta sa tseirbhís phoiblí.
- **An chéad rogha do chliaint:** Tá sé mar aidhm againn a bheith mar sholáthraí earcaíochta de rogha don státseirbhís agus don tseirbhís phoiblí, a bhfuil na scileanna, an cumas agus an ghairmiúlacht aige muinín na gcliant a chothú i dtaca le barr feabhais a sholáthar san earcaíocht, caighdeáin earcaíochta a ardú, agus tacú leis an státseirbhís trí dhaoine cumasacha a aimsiú. Áirítear leis sin tacaíocht ghníomhach do chur i bhfeidhm Chlár an Rialtais.
- **An áit a gcuireann cuardaitheoirí poist tús lena gcuardach:** Tá sé mar aidhm againn a bheith mar ionad de rogha do chuardaitheoirí poist, agus mealladh tallainne a chur chun cinn trí bhranda láidir, trí luach fostóirí a chur chun tosaigh, agus trí dheiseanna gairme éagsúla. Trí mhuinín, trí fheiceálacht agus trí theagmháil a chothú, tabharfaidh muid cumhacht d'iarrthóirí trí thaithí earcaíochta phearsantaithe agus shaoráideach, chun a chinntiú go dtuigeann siad go bhfuil meas orthu, go mbraitheann siad muiníneach, agus go bhfuil siad ceangailte le hobair fhiúntach sa státseirbhís agus sa tseirbhís phoiblí.

Cumasóirí straitéiseacha: Cuirtear feabhsú leanúnach chun cinn in poistphoiblí, aithnítear gur féidir le cultúr san ionad oibre ina bhfuil rannpháirtíocht chun tosaigh, mar aon le húsáid bharrfheabhsaithe a bhaint as acmhainní, le rialachas láidir, agus le teicneolaíocht chlaochlaitheach cabhrú linn ár dtosaíochtaí straitéiseacha, ár misean, agus ár bhfís a bhaint amach.



Ionad barr feabhais um earcaíocht seirbhíse poiblí

Mar a chuir muid ár gcuid oibre i gcrích in 2025:

- D'earcaigh muid 9,000+ iarrthóir do róil sa státseirbhís agus sa tseirbhís phoiblí, bunaithe ar phrionsabail na hearcaíochta neamhspleáiche atá bunaithe ar fhiúntas.
- Reáchtáil muid 460+ comórtas agus phróiseáil muid 51,000+ iarratas ó iarrthóirí.
- Rinne muid 36,000+ measúnú ar iarrthóirí agus 12,500+ agallamh le hiarrthóirí.
- D'fhorbair muid Straitéis Chorparáideach nua, inar leagadh amach tosaíochtaí straitéiseacha uaillmhianacha do na trí bliana amach romhainn chun lucht saothair atá ullamh don todhchaí a sholáthar sa tseirbhís phoiblí.
- Thug muid ardán earcaíochta nua isteach chun claochlú a chur ar an gcaoi a n-oibreoidh muid agus a soláthróidh muid seirbhísí amach anseo.
- Thug an Foras Eorpach um Bainistíocht Cháilíochta (EFQM) aitheantas 5-réalta dúinn, rud a d'fhág gur muidne an chéad eagraíocht státseirbhíse nó seirbhíse poiblí in Éirinn a fuair creidiúnú 5-réalta.
- Bhain muid an chéad áit amach sa chatagóir 'Lucht Saothair na Todhchaí' ag Gradaim na Státseirbhíse um Barr Feabhais agus Nuálaíocht (CSEIA) as ár gCreat Inniúlachta don Státseirbhís.

- Thug muid Beartas nua um Príomhtháscairí Feidhmíochta (KPI) isteach chun tacú lenár bpróiseas chun feidhmíocht eagraíochta a thuairisciú agus chun spriocanna eagraíochta a bhaint amach.



Soláthar Seirbhíse Earcaíochta

Rinne poistphoiblí soláthar láidir seirbhíse earcaíochta arís in 2025.

Cuireadh rialtas nua le chéile in Éirinn i mí Eanáir 2025 agus foilsíodh Clár Rialtais nua. San áireamh ann bhí gealltanais chun leibhéil foirne agus scileanna a mhéadú i gcodanna tábhachtacha den státseirbhís agus den tseirbhís phoiblí, lena n-áirítear Earcaithe nua na nGardaí, breis Oifigeach Príosúin, breis gairmithe sláinte agus cúraim shóisialta, agus breis ról printíseachta sa tseirbhís phoiblí.

Bhí iomaíocht dhian i measc fostóirí le haghaidh tallainne agus scileanna, de réir mar a lean an fás ar gheilleagar na hÉireann agus beagnach lánfhostaíocht sa mhargadh saothair.

Díol suntais sa bhliain ab ea teacht chun cinn teicneolaíochtaí nua agus IS, éiginnteacht gheopholaitiúil agus sa gheilleagar idirnáisiúnta, agus athrú ar dhinimicí sa tsochaí agus ag an obair, go háirithe maidir le hionchais iarrthóirí agus riachtanais scileanna na bhfostóirí.

Le linn na bliana, lean poistphoiblí dár sainordú a chur i gcrích mar an soláthraí láraithe seirbhísí earcaíochta, measúnaithe agus roghnúcháin don státseirbhís agus don tseirbhís phoiblí in Éirinn, agus de sheirbhísí earcaíochta ar ardchaighdeán a chur ar fáil ar scála mór dár gcustaiméirí, idir chliaint agus iarrthóirí.

Thacaigh ár ngníomhaíochtaí earcaíochta leis an gcéim thosaigh de chur i bhfeidhm roinnt mhaith de na gealltanais sa Chlár Rialtais nua, agus lean siad ar aghaidh ag dul i ngleic le riachtanais foirne agus scileanna ar fud chóras na státseirbhíse agus na seirbhíse poiblí.

Bhí roinnt dúshlán roimh poistphoiblí i rith na bliana, go háirithe ár n-ardán earcaíochta nua a athrú agus leanúnachas seirbhíse a choinneáil ar bun ag an am céanna, agus an moilliú ar éileamh cliant a bhí ag cuid dár n-aonaid earcaíochta – rud a gheallann muid aghaidh a thabhairt air.

Bhí an soláthar seirbhísí foriomlán láidir, áfach, agus phróiseáil muid níos mó ná 51,000 iarratas, rinne muid níos mó ná 36,000 measúnú agus 12,500 agallamh, agus rinne muid níos mó ná 9,000 ceapachán.

Tá forléargas ar na figiúirí is tábhachtaí ó thaobh an tsoláthair seirbhíse de in 2025 sa tábla thíos, agus déantar comparáid idir na figiúirí sin agus figiúirí i mblianta roimhe sin.

Cineál gníomhaíochta	2023	2024	2025	Athrú mar % 23 - 24	Athrú mar % 24 - 25
Comórtais (Curtha i gcrích)	532	516	465	-3%	-10%
Comórtais (Fógartha)	661	561	575	-15%	+2.5%
Iarratais	65,787	85,957	51,089	+31%	-41%
Measúnuithe	52,632	70,610	36,199	+34%	-49%
Agallaimh	18,860	16,178	12,967	-14%	-20%
Ceapacháin	12,014	10,244	9,033	-15%	-12%

Comórtais/róil shonracha:

Cineál gníomhaíochta	Gardaí faoi Oiliúint	Oifigigh Príosúin (Earcaigh)	Comhairligh Leighis do FSS
Iarratais	11,546	1,774	1,306
Ceapacháin	1,866*	695	129
	Róil in Údaráis Áitiúla (gach cineál)	**OR - Iontráil do Chéimithe (gach sruth)**	**Róil TFC (gach cineál)**
Iarratais	4,483	6,641	3,002
Ceapacháin	328	261**	284
	Róil Ghaeilge (gach cineál)	**Róil phrintíseachta (gach cineál)**	**An Clár WAM**
Iarratais	251	1,300	211
Ceapacháin	55	57	26

*molann poistphoiblí iarrthóirí oiriúnacha agus incháilithe don Gharda Síochána (AGS). Tá an líon iarrthóirí a moladh do AGS san áireamh san fhigiúr a bhaineann le ceapacháin. Mar sin féin, seans nach nglacfaidh gach iarrthóir le post mar Gharda faoi Oiliúint.

** Figiúr do cheapacháin ó chomórtais d'OR ina raibh sruthanna, ó chomórtais d'OR i SEMRÉ agus ó chomórtais do Thríú Rúnaithe.

Ceapacháin de réir roinne rialtais agus comhlachtaí poiblí sonracha:

Roinn Rialtais / Comhlacht Poiblí	Ceapacháin
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara	364
An Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais	47
An Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil	59
An Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt	48
An Roinn Cosanta	53
An Roinn Oideachais agus Óige	227
An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta	125
An Roinn Airgeadais	51
An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála	199
An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachas, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta	32
An Roinn Sláinte	61
An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta	98
An Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce	445
An Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin	115
An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta	33
An Roinn Coimirce Sóisialaí	786
Roinn an Taoisigh	34
An Roinn Iompair	89
An Phríomh-Oifig Staidrimh	101
Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit	24
Seirbhís Cúirteanna na hÉireann	53
An Coimisiún um Chosaint Sonraí	46
Seirbhís Thithe an Oireachtais	45
An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	72
Oifig na nOibreacha Poiblí (OOP)	162
Oifig an Ard-Aighne	19
Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí	7
Oifig an Rialálaí Pleanála	2
Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	778
An Coimisiún Toghcháin	9



Cuairt an Aire Chambers ar poistphoiblí



Thug an tAire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin (DPER), Jack Chambers TD, cuairt ar oifigí poistphoiblí ina cháil mar Aire dá máthair-roinn rialtais, i mí na Nollag.

Le linn a chuairte, thug sé aitheantas do ról tábhachtach poistphoiblí mar an soláthraí láraithe seirbhísí earcaíochta, measúnaithe agus roghnúcháin don státseirbhís agus don tseirbhís phoiblí in Éirinn, agus don dea-cháil atá bainte amach againn maidir le hearcaíocht atá neamhspleách agus bunaithe ar fhiúntas. Thug sé aitheantas do chuid den obair mhór agus de na héachtaí atá déanta ag poistphoiblí le tamall anuas freisin.

Thug an tAire ómós don POF a bhí ag éirí as, Margaret McCabe, agus í ag dul ar scor; agus thug sé aitheantas dá tréimhse seirbhíse 46 bliana do poistphoiblí agus don státseirbhís, agus don ról a bhí aici maidir le heagraíocht rathúil a dhéanamh de poistphoiblí.









Ár Straitéis Chorparáideach nua a fhoilsiú

D'fhoilsigh poistphoiblí Ráiteas Straitéise nua i lár 2025, dar teideal 'Earcaíocht a Dhéanamh go Diongbháilte: Straitéis maidir le Lucht Saothair atá Réidh don Todhchaí a Sholáthar don Earnáil Phoiblí'.



Ullmhaíodh an straitéis sin tar éis faomhadh a fháil ón Aire agus bunaithe ar phróiseas forbartha cuimsitheach, ina ndearnadh gníomhaíochtaí suntasacha taighde, anailíse, agus scanta comhshaoil, agus ar phróiseas láidir rannpháirtíochta le páirtithe leasmhara, ina measc ár gcustaiméirí, idir chliaint agus iarrthóirí, ár máthair-roinn rialtais (DPER) agus ár mBord.

Tá an straitéis 'Earcaíocht a Dhéanamh go Diongbháilte' bunaithe ar thrí thosaíocht straitéiseacha:

- Ionad barr feabhais um earcaíocht seirbhíse poiblí
- An chéad rogha do chliaint
- An áit a gcuireann cuardaitheoirí poist tús lena gcuardach

Reáchtáladh seisiúin seolta na straitéise le baill foirne inár n-oifig in Áras na Caibidle i mí na Samhna. D'ullmhaigh muid clár oibre straitéiseach freisin ina leagtar amach na tionscnaimh agus tionscadail straitéiseacha a chuirfidh muid i gcrích le linn thréimhse na straitéise, ó 2025 go 2028. Beidh siad sin mar chuid dár bPleananna Gnó Rannóige agus Corparáideacha bliantúla sna blianta amach romhainn.



Ár nArdán Earcaíochta nua a thabhairt isteach

Bliain chlaochlaitheach dár n-oibríochtaí earcaíochta a bhí in 2025, nuair a d'aistrigh muid ón ardán earcaíochta oidhreachta chuig ardán earcaíochta nua, an córas Gnóthaithe Tallainne Oleeo. Tar éis an chéim chur chun feidhme a thabhairt chun críche, tosaíodh ar fheidhm a bhaint as an tionscadal ar bhonn céimnithe i mí an Mhárta, nuair a seoladh an chéad chomórtas earcaíochta.



Cuireadh an t-ardán nua i bhfeidhm ar bhonn céimnithe i rith 2025, bunaithe ar earnálacha agus ar chineálacha comórtas, chun an cur isteach ar sholáthar seirbhísí agus ar ár bpáirtithe leasmhara a íoslaghdú. Faoi dheireadh na bliana, bhí gach ceann dár n-aonaid earcaíochta ionduchtaithe ar an ardán nua, agus bhí gach comórtas earcaíochta nua á reáchtáil ar an ardán nua, rudaí a léirigh athrú ollmhór ar ár mbonneagar digiteach.

Aistríodh ár suíomh gréasáin publicjobs.ie chuig an ardán nua, d'iarrthóirí a chláraíonn agus a logálann isteach tríd an suíomh gréasáin. Cruthaíodh leathanach faisnéise nua ar an suíomh gréasáin, ina leagtar amach na príomh-athruithe d'iarrthóirí a thiocfaidh i bhfeidhm leis an ardán nua, chomh maith le tacaíochtaí éagsúla (físeáin teagaisc, ceisteanna coitianta, srl.).

Rinneadh dul chun cinn ar ionduchtú ár bpríomhpháirtithe leasmhara seachtracha ar an ardán nua, lena n-áirítear feidhmiúlacht do chliaint a fhorbairt, agus reáchtáladh roinnt seisiún dár gComhaltaí Boird agus d'Ionadaithe poistphoiblí chun an t-ardán nua a chur in iúl dóibh agus chun na gnéithe a bhaineann lena róil a thaispeáint dóibh. Déanfar ár bpáirtithe leasmhara seachtracha go léir a ionduchtú ar an ardán nua i rith 2026.

Sheol muid comhfhreagras chuig iarrthóirí chun iad a ullmhú don aistriú chuig an ardán nua, agus mhol muid dóibh a gcuid faisnéise a íoslódáil ón ardán oidhreachta agus clárú ar an ardán nua. Agus muid ag tarraingt ar dheireadh 2025, cuireadh tús leis an gcéim dheiridh den tionscadal; ár n-ardán oidhreachta a dhíchoimisiúnú. Tá sé sin le bheith curtha i gcrích go luath in 2026.

Leis an ardán earcaíochta nua, feabhsófar cumas poistphoiblí a bheith ar thús cadhnaíochta sa teicneolaíocht earcaíochta, trí úsáid a bhaint as réiteach earcaíochta atá inbhuanaithe don todhchaí le treochlár leanúnach chun glacadh le gnéithe agus feidhmiúlachtaí nua agus nuálaíochtaí, lena chinntiú go mbeidh muid in ann coinneáil suas le treochtaí margaidh agus dul chun cinn i gcleachtais earcaíochta. Cuirfidh sé ar ár gcumas aistear níos cuíchóirithe, níos tráthúla agus níos so-úsáidte a chur ar fáil dár n-iarrthóirí, dár gcliaint agus dár n-earcaitheoirí. Méadóidh sé feidhmiúlacht féinseirbhíse agus rochtain ar fhaisnéis fhíorama.

Lean muid orainn ag obair go dlúth le soláthraí an ardáin nua, Oleeo, chun treochlár an ardáin amach anseo a chur i gcomhréir lenár gcuspóirí straitéiseacha, lena chinntiú go bhfanfaidh ár dteicneolaíocht earcaíochta ar thús cadhnaíochta i gcaighdeáin an tionscail agus go gcomhlíonfaidh sí na riachtanais a bhíonn ag athrú i gcónaí san earnáil phoiblí. Is mian linn buíochas a ghabháil le comhaltaí den Choiste Comhairleach Seachtrach a thug tacaíocht agus saineolas luachmhar d'fhoireann an tionscadail le linn chur i bhfeidhm an ardáin nua.

Rinne foireann tionscadail inmheánach, agus í ag obair lenár gcuid aonad earcaíochta, bainistíocht ar an bpróiseas chun feidhm a bhaint as an ardán agus as an bpróiseas bainistíochta athruithe le linn na bliana. Tá ár gcuid aonad tar éis dul i dtaithí ar na hathruithe go dtí seo, ach tá difríochtaí idir bheith ag obair leis an ardán nua agus an ardán oidhreachta. Mar is amhlaidh i gcás próiseas athraithe ar bith, tógfaidh sé tamall buntáistí an ardáin nua a bhaint amach go hiomlán, agus leanfaidh muid de bheith ag obair leis na baill foirne agus ag tacú leo chun aon fhadhb a thiocfadh chun cinn in 2026 a réiteach.

Creideann muid go mbeidh buntáistí fadtéarmacha an ardáin níos mó ná aon fhadhbanna gearrthéarmacha a bheadh ag ár bpáirtithe leasmhara nuair a thosófar ag baint feidhm as an ardán. I measc na mbuntáistí a chuir an t-ardán nua ar fáil go dtí seo tá:

Taithí an Iarrthóra:

- Próiseas iarratais digiteach don iarrthóir, gan ghá le foirm iarratais a íoslódáil, a líonadh agus a uaslódáil.
- Tá dearadh, leagan amach agus feidhmiúlacht Thairseach an Iarrthóra níos spéisiúla agus níos so-úsáidte, lena n-áirítear an chaoi a bhféadfaidh iarrthóirí na róil a ndéanann siad iarratas orthu a bhainistiú, a rianú agus fógraí a fháil fúthu (eolas a bheith acu ar stádas a n-iarratas sa chonair earcaíochta).
- Tá muid in ann cumarsáid a dhéanamh le hiarrthóirí agus fanacht i dteagmháil leo ar bhealach níos tráthúla agus níos rialta, rud a spreagann rannpháirtíocht.

Mar a n-oibríonn muid in poistphoiblí:

- An cumas bunathrú a chur ar an gcaoi a n-oibreoidh muid agus a soláthróidh muid seirbhísí amach anseo, agus coinneáil suas níos fearr le teicneolaíocht a bhíonn ag athrú agus lena bhfuil páirtithe leasmhara ag súil.
- Ár n-ardán earcaíochta oidhreachta a athsholáthar, ardán nach bhfuil muid in ann a choinneáil ar bun a thuilleadh mar gheall ar thosca riosca éagsúla, lena n-áirítear teorainneacha ar an gcaoi a bhféadfaí an córas a uasghrádú agus an costas lena choinneáil ar bun.
- Níos mó próiseas digitithe agus níos lú spleáchais ar phróisis láimhe agus úsáid a bhaint as scarbhileoga, srl.
- Feidhmiúlacht ardáin a fhágann gur féidir tascanna atriallacha a dhéanamh ar bhealach níos uathoibrithe.
- Réiteach SaaS (bogearraí mar sheirbhís) - Níos lú ama agus acmhainní a dhíriú ar chórais a dhéanamh níos sláine, ar phaisteáil agus ar chothabháil ghinearálta.
- Feabhas a chur ar shlándáil córas trí réiteach atá chun tosaigh sa tionscal a ghlacadh, agus méadú a chur ar athléimneacht agus fáil ar chórais, agus an cumas athshlánú ó thubaiste.
- Deiseanna amach anseo chun feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí trí fheidhmiúlacht agus trí chumraíocht chórais nua (teicneolaíochtaí nua, srl.), agus méadú ar chumas poistphoiblí feidhmiúlacht SaaS atá chun tosaigh sa tionscal agus faoi thionchar an mhargaidh a ghlacadh, lena n-áirítear an deis comhtháthú a dhéanamh lasmuigh den phríomhchóras.

Bainfear amach breis buntáistí de réir mar a bheidh ár bpáirtithe leasmhara seachtracha ionduchtaithe ar an ardán nua, agus cuirfear lenár gcuid eolais agus taithí ar fheidhmiúlacht an ardáin, agus lenár n-acmhainneacht feabhsuithe a dhéanamh ar sholáthar seirbhísí inár gcomórtais go léir.



Aitheantas 5-réalta ó EFQM

In 2025, thug an Foras Eorpach um Bainistíocht Cháilíochta (EFQM) aitheantas 5-réalta do poistphoiblí, rud a d'fhág gur muidne an chéad eagraíocht státseirbhíse nó seirbhíse poiblí in Éirinn a fuair creidiúnú 5-réalta.

Phléigh poistphoiblí creidiúnú a lorg ó EFQM le roinnt blianta anuas. Cuireadh foireann tionscadail inmheánach le chéile agus rinneadh measúnú tosaigh ar ullmhacht do EFQM. Ina dhiaidh sin, rinne an lucht bainistíochta cinneadh dul ar aghaidh leis an measúnú.

Chuaigh muid i gcomhpháirtíocht leis an Ionad Iomaíochais, a thug treoir agus tacaíocht dúinn chun ullmhú don mheasúnú ó EFQM.

Reáchtáil an fhoireann tionscadail roinnt seisiún faisnéise leis an lucht bainistíochta agus le baill foirne chun feasacht a mhúscailt faoin tionscadal EFQM ar fud na heagraíochta. Shann aonaid san eagraíocht ionadaithe foirne chun idirchaidreamh a dhéanamh leis an bhfoireann tionscadail chun faisnéis thábhachtach faoi obair agus faoi ghníomhaíochtaí na n-aonad éagsúil a chur ar fáil.

I gcaitheamh roinnt míonna, agus úsáid á baint as an bhfaisnéis a bailíodh agus trí chaidreamh leanúnach le haonaid agus le páirtithe leasmhara eile; dhréachtaigh an fhoireann tionscadail aighneacht chuimsitheach faoin obair a dhéanann muid mar eagraíocht. Dréachtaíodh an aighneacht ar ardán AssessBase de chuid EFQM, i gcomhréir leis na gnéithe éagsúla de Chóras EFQM. Chuir an fhoireann tionscadail doiciméid éagsúla a chuir aonaid ar fáil i dtoll a chéile, agus tugadh iad do EFQM mar fhianaise chun tacú leis an obair agus na gníomhaíochtaí a sonraíodh san aighneacht.

Rinne an lucht bainistíochta an aighneacht agus an fhianaise thacaíochta a athbhreithniú agus a fhaomhadh, agus cuireadh ar aghaidh chuig EFQM iad i mí an Mheithimh lena n-athbhreithniú.

Rinne grúpa Measúnóirí ó EFQM athbhreithniú ar an aighneacht agus ar an bhfianaise thacaíochta, agus d'fhreastail siad ar ár n-oifigí i mí Lúil chun agallaimh agus fócasghrúpaí a dhéanamh le baill den fhoireann bhainistíochta agus le baill foirne faoin aighneacht agus faoin obair a dhéanann muid. Roimhe sin, reáchtáil an fhoireann tionscadail roinnt seisiún faisnéise eile leis an lucht bainistíochta agus le baill foirne chun cabhrú leo ullmhú do na hagallaimh.

Tar éis an mheasúnaithe, chuir EFQM in iúl dúinn go raibh aitheantas 5-réalta faighte againn. Fuair muid teastas ó EFQM a léirigh an creidiúnú 5-réalta, agus atá bailí ar feadh 3 bliana, agus bhronn an tAire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, Jack Chambers TD, an teastas ar poistphoiblí i dTithe an Rialtais i mí na Samhna.

Céim mhór chun cinn do poistphoiblí ab ea creidiúnú 5-réalta a fháil ó EFQM, agus léiriú ar an obair den scoth a dhéanann muid mar eagraíocht, ar an mbéim leanúnach a chuireann muid ar cháilíocht, ar athrú agus ar chlaochlú, agus ar fheidhmíocht a fheabhsú.



Buaiteoir na catagóire Lucht Saothair na Todhchaí ag Gradaim na Státseirbhíse um Barr Feabhais agus Nuálaíocht (CSEIA)

I mí na Bealtaine, bhain poistphoiblí an chéad áit amach sa chatagóir Lucht Saothair na Todhchaí ag Gradaim na Státseirbhíse um Barr Feabhais agus Nuálaíocht (CSEIA). Bhuaigh muid an gradam don Chreat Inniúlachta don Státseirbhís, a dhear muid agus a d'fhorbair muid le blianta beaga anuas, agus bronnadh orainn é ag searmanas i gCaisleán Bhaile Átha Cliath ag an Aire Stáit le freagracht as Soláthar Poiblí, Digitiúchán agus Ríomhsheirbhísí Rialtas, Emer Higgins TD, agus ag Jacqui McCrum, Ard-Rúnaí na Roinne Cosanta.

Is ócáid bhliantúil é CSEIA a thugann aitheantas don bharr feabhais, don dea-chleachtas agus don nuálaíocht sa státseirbhís. Bunaíodh na gradaim in 2015 chun aird a tharraingt ar nuálaíochtaí i mbeartas agus i soláthar seirbhísí ar fud na státseirbhíse agus chun luach saothair a thabhairt dóibh. Cuireadh 33 fhoireann ar an ngearrliosta i II chatagóir, agus bhuaigh poistphoiblí sa chatagóir Lucht Saothair na Todhchaí – a thugann aitheantas do thionscadail a léiríonn barr feabhais maidir le daoine, scileanna agus forbairt eagraíochta a chur chun cinn i measc na foirne.

Tugadh aitheantas do poistphoiblí as sármhaitheas i gcreat a chruthú a léirigh na scileanna a theastaíonn ó státseirbhís ardfheidhmíochta, chun tacú le lucht saothair na todhchaí a chruthú.



Beartas Nua um Príomhtháscairí Feidhmíochta (KPI)

Thug muid Beartas Nua um Príomhtháscairí Feidhmíochta (KPI) isteach i mí na Bealtaine chun tacú lenár bpróiseas maidir le feidhmíocht eagraíochtúil a thuairisciú, i dtaca le soláthar seirbhíse earcaíochta agus réimsí eile dár gcuid gníomhaíochtaí.

Tacaíonn an Beartas nua KPI le hobair an Aonaid um Tuiscintí Gnó agus Uathoibriú (BIA), a chuireann ár sonraí i dtoll a chéile agus a dhéanann anailís orthu, agus a ullmhaíonn tuarascálacha feidhmíochta a bhaineann le soláthar seirbhíse earcaíochta agus roinnt mhaith réimsí eile dár n-eagraíocht. Tugtar an '*Super 10*' ar na tuarascálacha feidhmíochta, ós rud é go dtugann siad faisnéis agus sonraí feidhmíochta i ndeich bpríomhréimse ar bhonn ráithiúil, réimsí a comhaontaíodh leis an lucht ardbhainistíochta.

Is é cuspóir an bheartais nua seo ná creat cuimsitheach a bhunú chun KPInna in poistphoiblí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm go leanúnach agus monatóireacht leanúnach a dhéanamh orthu. Tá sé mar aidhm aige tacú le spriocanna eagraíochtúla a bhaint amach trí iarrachtaí na rannóg agus na foirne a chur i gcomhréir leis an treo straitéiseach foriomlán. Bunaítear struchtúr soiléir le haghaidh

róil agus freagrachtaí thar shaolré KPInna sa bheartas, ón meánbhainistíocht go dtí an ardbhainistíocht. Tá sé mar aidhm aige forbairt KPInna in poistphoiblí a neartú, agus feabhas a chur ar chinnteoireacht eolasach trí léargais fhianaisebhunaithe.

Ach monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht trí KPInna, cabhraítear linn ár láidreachtaí, laigí agus réimsí ina bhfuil feabhas de dhíth a shainaithint, rud a chuireann ar chumas foirne athruithe a dhéanamh ar a gcleachtas agus ardchaighdeáin seirbhíse a choinneáil ar bun, seirbhís a fhreastalaíonn ar riachtanais ár gcustaiméirí, a bhíonn ag athrú de shíor. Chomh maith leis sin, ach soláthar seirbhíse earcaíochta éifeachtúil a chinntiú, cinntítear go mbaintear an leas is fearr is féidir as acmhainní, íoslaghdú ar chostais, agus sástacht custaiméirí le seirbhísí atá pras agus iontaofa.

Bhunaigh muid foghrúpa nua Feidhmíochta freisin; is foghrúpa é de chuid na Foirne Feidhmiúcháin, agus rialaíonn sé ár KPInna agus tomhais eile maidir le feidhmíocht ghnó in poistphoiblí.

Is é an aidhm atá ag an bhfoghrúpa nua ná anailís agus plé a dhéanamh ar na príomhléargais ó shonraí poistphoiblí, lena n-áirítear an dul chun cinn in aghaidh KPInna, agus cinntí bunaithe ar fhianaise a dhéanamh a bhaineann lenár samhail ghnó bunaithe air sin.





An chéad rogha do chliaint

Mar a chuir muid ár gcuid oibre i gcrích in 2025:

- Reáchtáil muid dhá chomórtas do Ghardaí faoi Oiliúint, agus rinneadh 11,000+ iarratas orthu.
- Mhol muid 1,866 iarrthóir don Gharda Síochána (AGS) tar éis dúinn an chuid den phróiseas earcaíochta do Ghardaí faoi Oiliúint a dhéanann poistphoiblí a chur i gcrích.
- Rinne muid bainistíocht ar an bpróiseas earcaíochta do roinnt post feidhmiúcháin sinsearach sa státseirbhís agus sa tseirbhís phoiblí, ina measc Coimisinéir an Gharda Síochána, POF Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus an Coimisinéir Cosanta Sonraí.
- Reáchtáil muid comórtas d'Oifigigh Príosúin (Earcaigh), a ndearnadh 1,700+ iarratas air agus cheap muid 695 iarrthóir i bpoist mar Oifigigh Príosúin (Earcaigh) do Sheirbhís Phríosúin na hÉireann (IPS).
- D'earcaigh muid 120+ iarrthóir do róil mar Chomhairligh Leighis i FSS.
- Cheap muid 750+ iarrthóir an ceann don Roinn Coimirce Sóisialaí agus do na Coimisinéirí Ioncaim, agus 400+ iarrthóir don Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce.
- Rinne muid bainistíocht ar chomórtais d'ardú céime chuig róil mar Cheannfort agus Ard-Cheannfort sa Gharda Síochána.
- D'earcaigh muid 50+ iarrthóir do Phrintíseachtaí sa tSeirbhís Phoiblí.

Earcaíocht Státseirbhíse

Gráid Ghinearálta

Reáchtáladh naoi gcomórtas earcaíochta do ghráid ghinearálta in 2025, agus cuireadh 78% díobh i gcrích laistigh den amlíne 18 seachtaine a comhaontaíodh leis an gcliant mar KPI. I measc na gcomórtas bhí: Oifigeach Riaracháin (AO) do Chéimithe sna sruthanna Ginearálta agus speisialtóra (AD, Airgeadas, Aeráid, Sláinte), Oifigeach Cléireachais Sealadach (TCO) ar fud na tíre, Oifigeach Cléireachais (CO) le Gaeilge líofa, agus Príomhoifigeach (PO) Ginearálta.



Ceapadh 4,116 iarrthóir i bpoist i ngráid ghinearálta in 2025, i gcomparáid le 5,626 in 2024. Bhí laghdú mór ar an líon iarratas a fuarthas ó chliaint maidir le comórtais mhóra in 2025, i gcomparáid le 2024, rud a d'fhág gur reáchtáladh níos lú comórtas.

Tháinig méadú mór ar an líon iarratas sna comórtais do TCO, CO agus EO le blianta beaga anuas, rud a d'fhág gur theastaigh níos lú comórtas forlíontach do ghráid ghinearálta den chéad uair le tamall maith de bhlianta. Tá na painéil ó na comórtais sin do ghráid ghinearálta le dul in éag go luath in 2026, agus tá comórtais eile beartaithe chun painéil eile a chur le chéile.

I bhfianaise ár modha oibre, atá bunaithe ar éilimh, bhí tionchar iarmhartach ag an laghdú ar iarratais ó chliaint ar an líon agallamh a socraíodh agus ar an líon ceapachán a rinneadh dá bharr.

I measc na saincheisteanna a raibh tionchar acu ar amlínte do gráid ghinearálta le linn 2025 bhí an fháil ar chomhaltaí boird agus síneadh leis an tréimhse iarratais sa chomórtas d'Oifigigh Chléireachais le Gaeilge líofa chun an líon iarrthóirí a mhéadú.

D'ainneoin an dul chun cinn maith atá déanta ionas go mbeidh painéil ar fáil i ngach ceann dár suíomhanna ina mbíonn éileamh ard ar ghráid ghinearálta, tá dúshláin fós ann maidir le laghdú iarrthóirí, agus maidir le déileáil le líon méadaitheach cásanna a éilíonn am agus caidreamh breise ag céim an cheadaithe.

Maidir leis an gcomórtas do Phríomhoifigigh Ghinearálta in 2025, d'úsáid muid cur chuige níos spriocdhírithe agus níos solúbtha ar bhonn píolótach chun iarrthóirí ar

éirigh leo a cheapadh i bhfolúntais a bhí ar fáil, agus rinneadh roinnt athruithe tábhachtacha ar an bpróiseas. Bhí treocht tugtha faoi deara againn d'éileamh níos airde ar iarrthóirí a raibh scileanna agus taithí faoi leith acu, go háirithe ag an leibhéal sinsearach sin, agus aithníodh nach raibh an cur chuige a bhí ann cheana go maith chun scileanna a mheaitseáil go héifeachtúil. Chun freagairt don ghá sin agus chun an leas is fearr is féidir a bhaint as tacair scileanna iarrthóirí, d'fhorbair muid cur chuige nua a fhéachann le hiarrthóirí a mheaitseáil le róil a thagann lena scileanna/taithí – d'fhonn toradh níos fearr a fháil don chliant agus don iarrthóir.

Earcaíocht Ghairmiúil agus Theicniúil
Reáchtáladh 72 chomórtas earcaíochta ghairmiúla agus theicniúla in 2025, agus cuireadh 92% díobh i gcrích laistigh den amlíne 18 seachtaine a comhaontaíodh leis an gcliant mar KPI. I measc na gcomórtas bhí: Speisialtóirí Sinsearacha TFC (Bonneagar agus Oibríochtaí), Bainisteoir Cumarsáide (AP), Cuntasóir (Grád I), Iniúchóir sa Státseirbhís, Oifigeach um Rialú Inimirce, agus Speisialtóir i nDearadh Duinelárnach.

I measc na saincheisteanna a raibh tionchar acu ar amlínte gairmiúla agus teicniúla le linn 2025 bhí an fháil ar iarrthóirí chun dul faoi mheasúnú agus agallamh, agus an fháil ar chomhaltaí Boird seachtracha ar ainmnithe cliaint nó saineolaithe iad.

Mar gheall ar an éagsúlacht sna modhanna agus céimeanna measúnaithe a úsáidtear i gcomórtais earcaíochta na státseirbhíse (gráid ghinearálta agus gráid ghairmiúla agus theicniúla), teastaíonn cur chuige níos caolchúisí maidir le hamlínte seachadta a chur i bhfeidhm. Tá catagóirí comórtais á sainmhíniú againn faoi láthair, agus na hamlínte níos oiriúnaí ba cheart a chur i bhfeidhm maidir le gach catagóir.

In 2025, bhí ionadaí againn sa Ghrúpa Oibre um Printíseacht sa tSeirbhís Phoiblí arís, agus ceapadh na chéad iarrthóirí ón gcéad Chlár Printíseachta um Margaíocht Dhigiteach sa Státseirbhís. Reáchtáil muid comórtas eile do Chlár Printíseachta TFC na Státseirbhíse freisin.

Athstruchtúrú ar Earcaíocht Státseirbhíse
Rinneadh athstruchtúrú ar rannóg earcaíochta na státseirbhíse in 2025, d'fhonn freastal níos fearr ar riachtanais na gcliant. Is iad na tosaíochtaí straitéiseacha inár straitéis "Earcaíocht a Dhéanamh go Diongbháilte" ná a bheith mar 'ionad barr feabhais um earcaíocht seirbhíse poiblí' agus 'an chéad rogha do chliaint'; agus is príomh-chumasóir sa straitéis é athbhreithniú a dhéanamh ar ár modhanna earcaíochta, ag díriú ar an gcustaiméir.

Bhí ár gcuid sonraí ag taispeáint dúinn nach raibh na modhanna san aonad inmharthana a thuilleadh, nach raibh spriocanna á mbaint amach, agus, chun ionchais na gcliant a chomhlíonadh, gur ghá dúinn a bheith in ann struchtúr níos

solúbtha a chruthú a bheidh in ann freagairt níos tapúla do na dúshláin agus do na deiseanna a chuirtear ar fáil le timpeallacht earcaíochta a bhíonn ag athrú go tapa.

Leis an gcuspóir sin, shainaithin muid an gá le hAonad Pleanála nua a bhunú a bheadh ina aonad ar leithligh ó na Feidhmeanna Earcaíochta agus Ceapacháin. Tá an tAonad Pleanála nua freagrach as breathnú ar phíblíne earcaíochta na státseirbhíse, idirchaidreamh le cliaint maidir lena riachtanais shonracha i dtaca le comórtais, agus pleanáil níos fearr a dhéanamh ar chomórtais. Tá an fheidhm Earcaíochta agus Cheapacháin freagrach as na comórtais earcaíochta a reáchtáil agus a bhainistiú, agus as na céimeanna éagsúla measúnaithe agus roghnúcháin, ina measc painéil a bhainistiú agus an próiseas ceadaithe. Cuireadh na hathruithe i bhfeidhm i mí na Samhna.

Earcaíocht Seirbhíse Poiblí

Earcaíocht Dlí agus Cirt

Reáchtáladh dhá chomórtas do Ghardaí faoi Oiliúint in 2025 agus fuarthas os cionn 11,000 iarratas orthu, laistigh den amlíne 18 seachtaine a comhaontaíodh leis an gcliant mar KPI. Reáchtáil poistphoiblí na comórtais thar ceann an Gharda Síochána. Seoladh an chéad chomórtas i mí Feabhra agus mheall sé os cionn 6,700 iarratas. Cuireadh beagnach 1,600 ainm ar aghaidh chuig an nGarda Síochána laistigh de thréimhse 4 mhí, tar éis dúinn críoch a chur leis an gcuid den phróiseas ar a ndearna poistphoiblí bainistíocht. Seoladh an dara comórtas i mí Mheán Fómhair agus mheall sé os cionn 4,300 iarratas. Bhí an chuid den phróiseas ar a ndearna poistphoiblí bainistíocht fós ar siúl ag deireadh 2025, tar éis tús a chur le hagallaimh i mí na Samhna.

I mí Dheireadh Fómhair, agus é ag caint faoin líon ard iarrthóirí ar an dá chomórtas do Ghardaí faoi Oiliúint (gov.ie), dúirt an tAire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce, Jim O'Callaghan TD: "*Ó ceapadh mé, tá sé curtha in iúl go soiléir agam gurb é an phríomhthosaíocht atá agam ná níos mó Gardaí a chur ar na sráideanna agus iad i mbun póilíneacht ard-infheictheachta, ionas go mbeidh pobail sábháilte agus go mothóidh siad sábháilte. Tá níos mó agus níos mó daoine ag cur tús le gairm sa Gharda Síochána, rud a fhágann go mbíonn níos mó Gardaí ar patról i mbailte agus i gcathracha ar fud na tíre.*

Tá sé ríthábhachtach borradh a chur faoin bpíblíne earcaíochta chun láidreacht an Gharda Síochána a mhéadú tuilleadh. Is mian liom aitheantas a thabhairt don obair mhór atá déanta ag an nGarda Síochána agus ag poistphoiblí chun dlús a chur le gach céim den phróiseas earcaíochta i mbliana."

D'oibrigh poistphoiblí i bpáirt leis an nGarda Síochána ar mhargaíocht agus ar fhógraíocht an dá fheachtas do Ghardaí faoi Oiliúint, agus taispeánadh lógó poistphoiblí ar ábhair na bhfeachtas. Spreagadh daoine a raibh spéis acu iontu iarratas a dhéanamh ar ár suíomh gréasáin, publicjobs.ie. Cruthaíodh leathanach tiomnaithe ar an suíomh gréasáin chun iarrthóirí a threorú trí chéimeanna an phróisis earcaíochta agus measúnaithe, agus chun buntáistí an róil mar Gharda faoi Oiliúint a chur in iúl dóibh.



In 2025, rinne poistphoiblí bainistíocht ar chomórtais d'ardú céime chuig róil mar Cheannfort agus Ard-Cheannfort sa Gharda Síochána freisin, agus ba é sin an chéad uair a bhí freagracht orainn as na comórtais sin a reáchtáil. Reáchtáil poistphoiblí agallaimh do ról mar Oibrí Seomra Rialaithe, mar Ionadaí um Chruthú Teagmhas, mar Gharda Cúltaca, agus d'ardú céime chuig na céim an tSáirsint sa Gharda Síochána agus chuig céim an Chigire sa Gharda Síochána freisin in 2025.

Reáchtáil muid comórtas don phost mar Oifigeach Príosúin faoi Oiliúint freisin, a ndearnadh os cionn 1,700 iarratas air, agus cheap muid 695 iarrthóir i bpoist mar Oifigigh Phríosúin do Sheirbhís Phríosúin na hÉireann (IPS).

Rialtas Áitiúil

Reáchtáladh 121 chomórtas earcaíochta Rialtais Áitiúil in 2025, agus cuireadh gach ceann díobh i gcrích laistigh den amlíne 18 seachtaine a comhaontaíodh leis an gcliant mar KPI. Ba é 10.6 seachtaine an mheán-tréimhse ama chun comórtas rialtais áitiúil a chur i gcrích. I measc na gcomórtas bhí: Stiúrthóirí Seirbhísí do Chomhairlí Contae na Mí (x2), an Chláir, Liatroma agus Fhine Gall, agus Pleanálaithe Sinsearacha do Chomhairlí Contae Fhine Gall (x3), Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin (x3), Bhaile Átha Cliath Theas (x2), na Mí (x2), Uíbh Fhailí (x2), Loch Garman (x2), Lú, Chill Mhantáin, Mhaigh Eo, na Gaillimhe, agus Chiarraí.

Tugadh cuireadh d'ionadaithe (bainisteoirí sinsearacha) ó poistphoiblí páirt a ghlacadh i ngrúpa athbhreithnithe saineolaithe a bunaíodh chun athbhreithniú a dhéanamh ar cháilíochtaí innealtóireachta in earnáil an Rialtais Áitiúil. Tugadh obair an ghrúpa athbhreithnithe chun críche i mí lúil, agus cáilíochtaí leasaithe do raon ról innealtóireachta mar thoradh ar an obair. Tugadh cuireadh dúinn páirt a ghlacadh i ngrúpa athbhreithnithe den chineál céanna a bunaíodh chun athbhreithniú a dhéanamh ar cháilíochtaí pleanála.

Bhunaigh an t-aonad Rialtais Áitiúil in poistphoiblí na feidhmeanna ar a dtugtar Bainistíocht an Chaidrimh le Cliaint (CRM) agus Imréiteach in 2025 freisin chun taithí an chliaint agus taithí an iarrthóra a fheabhsú. I measc na bhfeidhmeanna sin bhí tuairiscí seachtainiúla agus míosúla ar ghníomhaíochtaí earcaíochta na n-aonad agus folúntais a bhí fós le líonadh. Mar thoradh air sin, tá laghdú suntasach tagtha ar líon na bhfiosrúchán a fhaightear ó Údaráis Áitiúla.

Comhairligh Leighis

Reáchtáladh 141 chomórtas do Chomhairligh Leighis in 2025 agus cuireadh 57% díobh i gcrích laistigh den amlíne 18 seachtaine a comhaontaíodh leis an gcliant mar KPI. Ba é 17 seachtaine an mheán-tréimhse ama chun comórtas do Chomhairleach Leighis a chur i gcrích. Bhí comórtais ann do róil lena n-áirítear Síciatraí Comhairleach Ginearálta do Dhaoine Fásta, Raideolaí Comhairleach, Cairdeolaí Comhairleach, Haemaiteolaí Comhairleach, Cnáimhseoir agus Gínéiceolaí Comhairleach, Néareolaí Comhairleach, Comhairleoir i Leigheas Éigeandála Péidiatraiceach, agus Comhairleoir i Leigheas Maolaitheach.

I measc na bhfadhbanna a raibh tionchar acu ar amlínte earcaíochta do chomhairligh leighis le linn 2025 bhí an fháil ar chomhaltaí Boird, lena n-áirítear an fháil ar chomhaltaí Boird seachtracha ar ainmnithe cliaint nó saineolaithe iad, chomh maith leis an síneadh leis an tréimhse fógraíochta maidir le hiarratais ar chomórtais áirithe.

Aistríodh an t-Aonad um Earcaíocht do Chomhairligh Leighis chuig an rannóg um Earcaíocht d'Oifigigh Sinsearach agus Feidhmiúcháin in 2025. Chomh maith leis sin, shainaithin an t-aonad roinnt comórtas a bhí deacair a líonadh agus próisis cheadaithe a raibh moill orthu, agus thosaigh sé ag obair le FSS chun aghaidh a thabhairt ar roinnt de na réimsí sin de réir an cháis, trí fhógraíocht níos leithne, trí úsáid a bhaint as cuardach feidhmeannach agus trí shoiléiriú a dhéanamh ar amlínte na céime ceapacháin deiridh.

Tháinig laghdú ar an líon post mar Chomhairleach Leighis a bhí ann i gcodanna de 2025, mar gheall ar chóras faofa nua a thug FSS isteach maidir le maoiniú ag céimeanna an cheadaithe, na hearcaíochta agus an chonartha.

An Coiste um Cheapacháin Ardleibhéil (TLAC), Earcaíocht Oifigeach Sinsearach & Feidhmiúcháin, agus Boird Stáit

An Coiste um Cheapacháin Ardleibhéil (TLAC)
Reáchtáladh 26 chomórtas do TLAC in 2025 agus cuireadh 69% díobh i gcrích laistigh den amlíne 12 sheachtain a comhaontaíodh leis an gcliant mar KPI. Ba é 10.7 seachtaine an mheán-tréimhse ama chun comórtais TLAC a chur i gcrích. I measc na gcomórtas bhí: Ard-Rúnaí na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara; Ard-Stiúrthóir Oifig an Ard-Aighne; Cléireach Dháil Éireann agus Ard-Rúnaí Thithe an Oireachtais; Leas-Rúnaí, Oifigeach Gníomhachtaithe Tithíochta sa Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta; agus Príomhfheidhmeannach na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí (poistphoiblí).

I measc na bpríomhfhadhbanna a raibh tionchar acu ar amlínte earcaíochta do TLAC le linn 2025 bhí an fháil ar chomhaltaí Boird seachtracha ar ainmnithe cliaint nó saineolaithe iad.

Tá bliain iomlán curtha isteach ag TLAC faoin bpróiseas nua, a raibh roinnt athruithe i gceist leis, ina measc an tArd-Rúnaí Earcaíochta a bheith mar chomhalta iomlán den Bhord agallaimh do phoist ag leibhéal an Rúnaí Chúnta. Is cosúil go bhfuil an próiseas nua ag obair go maith, ach tá roinnt deacrachtaí ann maidir leis an bhfáil ar chomhaltaí Boird ag agallaimh ag amanna áirithe den bhliain, m.sh. seachtain Lá Fhéile Pádraig agus i rith míonna an tsamhraidh.

Earcaíocht d'Oifigigh Shinsearacha agus Feidhmiúcháin (SER)
Reáchtáladh 32 chomórtas earcaíochta SER le linn 2025, agus cuireadh 81% díobh i gcrích laistigh den amlíne 14 sheachtain a comhaontaíodh leis an gcliant mar KPI. Ba é 11.2 sheachtain an mheán-tréimhse ama chun comórtais SER a chur i gcrích. I measc na gcomórtas bhí: Coimisinéir an Gharda Síochána, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin FSS, Príomh-Choimisinéir Pleanála sa Bhord Pleanála, an Coimisinéir Cosanta Sonraí, agus Cathaoirleach na Cúirte Oibreachais.

I measc na bhfadhbanna a raibh tionchar acu ar amlínte earcaíochta do SER le linn 2025 bhí an fháil ar chomhaltaí Boird, lena n-áirítear an fháil ar chomhaltaí Boird seachtracha ar ainmnithe cliaint nó saineolaithe iad. Tá na fadhbanna sin ábhartha go háirithe i gcás comórtas áirithe.

Ghlac an fhoireann SER le comórtais nach do Bhoird de chuid gníomhaireachtaí stáit iad nó a reáchtáiltear de réir an phróisis do Bhoird Stáit, m.sh.. IHREC, an Coiste um Iompar Breithiúnach, agus rinne athstruchtúrú ar na comórtais sin.

Boird Stáit

Reáchtáladh 58 gcomórtas earcaíochta do Bhoird Stáit in 2025, agus cuireadh 43% díobh i gcrích laistigh den amlíne 10 seachtaine a comhaontaíodh leis an gcliant mar KPI. Ba é 10.8 seachtaine an meán-tréimhse ama chun comórtais do Bhoird Stáit a chur i gcrích. I measc na gcomórtas bhí: ceapacháin chuig Boird an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre, RTÉ, Chomhairle Chomhairleach Bhuiséadach na hÉireann, Bhanc Ceannais na hÉireann, Tusla, Fhiontraíocht Éireann, Uisce Éireann, na Gníomhaireachta Forbartha Tionscail, an Cheolárais Náisiúnta, agus Ospidéal San Séamas.

I measc na bhfadhbanna a raibh tionchar acu ar amlínte earcaíochta do Bhoird Stáit le linn 2025 bhí an fháil ar chomhaltaí Boird seachtracha ar ainmnithe cliaint nó saineolaithe iad, an síneadh leis an tréimhse fógraíochta maidir le hiarratais ar chomórtais áirithe, moilleanna ar iarrthóirí a bheith ar fáil do mheasúnú, moilleanna arbh iad soláthraithe measúnaithe seachtracha ba chúis leo, agus roinnt fadhbanna maidir le hacmhainní inmheánacha de bharr éileamh ó chliaint.

Cé nár chomhlíon ach 43% de na comórtais do Bhoird Stáit an tréimhse ama 10 seachtaine mar KPI, cuireadh 50% díobh sin a bhí lasmuigh den KPI i gcrích laistigh de 12 sheachtain, agus cuireadh an chuid eile i gcrích laistigh de 11 seachtain. Mar gheall ar an tréimhse ama sách gearr agus deacrachtaí áirithe a bhaineann le róil mar Chathaoirleach a líonadh, cuireadh síneadh le roinnt próiseas ag céim na fógraíochta, agus cuireann eintitis stáit tráchtála céimeanna measúnaithe breise leis an bpróiseas.

An tAonad um Sheirbhísí Measúnaithe agus Aonad na gComhaltaí Boird

In 2025, thug an tAonad um Sheirbhísí Measúnaithe (ASU) agus Aonad na gComhaltaí Boird (BMU) tacaíocht tosaíochta chun níos mó ná 36,000 measúnú agus 12,500 agallamh a dhéanamh. Thug ASU tacaíocht don raon iomlán comórtas earcaíochta a reáchtáil poistphoiblí, agus cruthaíodh raon tástálacha agus cleachtaí nua. Rinne BMU comhaltaí Boird a bheadh oiriúnach chun suí ar bhoird mheasúnaithe do roinnt comórtas a reáchtáil muid a shainaithint agus chuir siad oiliúint orthu.

Rinneadh an Creat Inniúlachta do ghráid státseirbhíse chomh hard le leibhéal PO a chur i bhfeidhm tuilleadh agus a leabú i rith 2025. Áiríodh leis sin oiliúint mhór a chur ar chomhaltaí boird, faisnéis a roinnt le cliaint agus an creat a úsáid do chomórtais nua, lena n-áirítear comórtais a reáchtáiltear faoi bhealaí ionchuimsitheacha.

I gcomhar leis an bhForas Riaracháin, chuir an tAonad um Sheirbhísí Measúnaithe seimineár gréasáin faoin gCreat Inniúlachta ar an ardán OneLearning faoi bhráid tuairim is 1,600 duine. Chomh maith le Gradam Barr Feabhais agus Nuálaíochta na Státseirbhíse a bhuachan don Chreat Inniúlachta, cuireadh tús le hobair ullmhúcháin ar anailís a dhéanamh ar ghráid an Ard-Rúnaí agus an Rúnaí Chúnta, d'fhonn na gráid sin a chur leis an gcreat amach anseo.



Rinne an tAonad um Sheirbhísí Measúnaithe dlúthmhonatóireacht ar fhorbairtí IS, i dtaca le slándáil ár gcóras measúnaithe a chinntiú agus chun tuiscint a fháil ar na háiteanna a bhféadfadh IS luach a chur lenár bpróisis agus lenár gcleachtais ar bhealach slán sábháilte. Rinne Grúpa Oibre IS poistphoiblí, atá comhdhéanta d'ionadaithe foirne ag leibhéil éagsúla in aonaid ar fud na heagraíochta, dul chun cinn ar roinnt tionscadal i ndáil le rialachas IS agus shainaithin siad tionscadail IS fhéideartha eile. D'oibrigh an tAonad um Sheirbhísí Measúnaithe le soláthraithe chun cur le feidhmiúlacht na feitheoireachta cianda, a úsáideann muid le haghaidh measúnuithe.

I réimsí an chomhionannais, na héagsúlachta agus an ionchuimsithe (CÉ&I), tháinig méadú arís ar an líon iarrthóirí a éilíonn socruithe réasúnta don phróiseas measúnaithe .Thug an tAonad um Sheirbhísí Measúnaithe tacaíocht do chomhghleacaithe san aonad CÉ&I leis an bpróiseas measúnaithe do chomórtais a reáchtáiltear faoi bhealaí ionchuimsitheacha. Rinne an tAonad cur i láthair do líonra Eorpach faoi mheasúnú agus míchumas, agus thug siad samplaí de na socruithe a chuireann poistphoiblí ar fáil, agus sonraí chun tacú leis sin.

In 2025, lean muid d'oiliúint fhairsing agus seisiúin faisnéise a chur ar fáil do chomhaltaí na mBord Roghnúcháin, agus d'oiliúint ar Dhea-Chleachtas don Earcaíocht a chur ar fáil do na baill foirne. Reáchtáil an tAonad um Sheirbhísí Measúnaithe dhá mhodúl de chlár an Fhorais Riaracháin chun Teastas Gairmiúil in Acmhainní agus Earcaíocht a bhaint amach.

D'úsáid poistphoiblí 329 gComhalta Boird ar phá in 2025, rud a léiríonn a thiomanta atá muid i gcónaí méadú a chur ar an raon daoine a úsáideann muid ar ár mboird. Chuir muid oiliúint ar 67 gcomhalta Boird in 2025, agus ar 53 bhall foirne inmheánacha don ról mar Ionadaí poistphoiblí; agus tugtar tacaíocht don oiliúint sin le clár scáthfhoghlama agus uasoiliúna de réir mar is gá. Díríodh go mór ar oiliúint a

chur ar chainteoirí Gaeilge agus ar chomhaltaí Boird éagsúla, ag teacht lenár ngealltanais maidir le hAcht na dTeangacha Oifigiúla agus CÉ&I. Rinneadh athbhreithniú agus nuashonrú ar na modúil ríomhfhoghlama go léir do chomhaltaí Boird in 2025, chun inrochtaineacht do na comhaltaí Boird a chinntiú.

In 2025, chuir an tAonad um Sheirbhísí Measúnaithe tús le hullmhúcháin poistphoiblí d'Uachtaránacht Éireann ar an AE sa dara leath de 2026. Tá poistphoiblí le cruinniú de líonra na hOifige Eorpaí um Roghnú Foirne (EPSO) a óstáil inár n-oifig in Áras na Caibidle.

Taithí an Chliaint

In 2025 bhí ár ráta sásaimh cliant maidir leis an tseirbhís a chuir poistphoiblí ar fáil 84%. Cliaint rialtais áitiúil agus cliaint a raibh róil shaincheaptha ghairmiúla agus theicniúla acu atá i gceist leis sin. Agus 2026 ag druidim linn, tá sé beartaithe againn úsáid an chreata measúnaithe seo a leathnú chun léargas níos fearr a fháil ar ár bhfeidhmíocht maidir le gach gné eile den phróiseas earcaíochta.

In 2025 bhí an ráta sásaimh maidir le caighdeán na gceapachán nua 82%. Tá an fheidhmíocht sin ag teacht le haiseolas a fuarthas ónár gcliaint maidir le ceapacháin i róil sa státseirbhís agus i rialtais áitiúla.

I rith 2025, lean an t-aonad tiomnaithe um Bainistíocht an Caidrimh le Cliaint (CRM) de chaidrimh a bhainistiú agus de thacaíocht agus seirbhís ar ardchaighdeán a chur ar fáil dár gcliaint.

D'ullmhaigh agus d'eisigh an t-aonad ocht nuachtlitir ráithiúla dar teideal *'Client Connect'* (ceithre cinn an ceann d'earnálacha na Statseirbhíse agus an Rialtais Áitiúil) chun cliaint a choimeád ar an eolas faoi ghníomhaíochtaí agus faoi thosaíochtaí poistphoiblí. San áireamh sa nuachtlitir bhí an nuacht is déanaí faoi thionscadail straitéiseacha, faoi phríomhghníomhaíocht earcaíochta, faoi phainéil agus faoi chomórtais atá ag teacht aníos ar fud na n-earnálacha, an nuacht is déanaí faoi CÉ&I, acmhainní cliant, foghlaim, srl.



D'eagraigh agus d'éascaigh CRM ceithre ócáid do Líonra Earcaitheoirí na Seirbhíse Poiblí in 2025. Tionóladh iad in Áras na Caibidle i mí an Mhárta, in Miesian Plaza i mí an Mheithimh, ar líne i mí Dheireadh Fómhair agus in Áras na Caibidle i mí na Samhna. D'óstáil poistphoiblí an ócáid i mí na Samhna i gcomhar leis an *Future of Work Institute* (Institiúid um Thodhchaí na hOibre) de chuid Cpl, agus rinneadh iniúchadh ann ar an éabhlóid atá ag teacht ar straitéisí tallainne laistigh agus lasmuigh den earnáil phoiblí.

Is ócáid ráithiúil do chliaint é Líonra Earcaitheoirí na Seirbhíse Poiblí a reáchtáiltear le ranna agus gníomhaireachtaí na státseirbhíse agus na seirbhíse poiblí, lena chur ar chumas poistphoiblí comhoibriú lenár líonra cliant agus dea-chleachtas san earcaíocht a roinnt leo, le rannchuidiú ón gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CCSP).

An áit a gcuireann cuardaitheoirí poist tús lena gcuardach



Mar a chuir muid ár gcuid oibre i gcrích in 2025:

- Chuir muid méadú faoi dhó ar an bhfeasacht faoi bhranda poistphoiblí.
- Reáchtáil muid feachtas Meallta Tallainne sna meáin náisiúnta ilardáin chun seirbhísí poistphoiblí agus gairmeacha sa státseirbhís agus sa tseirbhís phoiblí a chur chun cinn.
- Bhuaigh muid an gradam 'An Feachtas Margaíochta Earcaíochta Is Fearr' ag Gradaim na Cónaidhme Fostaíochta agus Earcaíochta (ERF) as ár bhfeachtas Meallta Tallainne.
- Chuir muid 36,000+ lenár lucht leantóirí ar na meáin shóisialta, chun 200,000+ leantóir a bhaint amach ar LinkedIn, 90,000+ leantóir ar Facebook, agus 20,000+ leantóir ar Instagram.
- Tugadh breis agus 4 mhilliún cuairt ar an suíomh gréasáin publicjobs.ie.
- D'fhreastail muid ar bhreis agus 30 imeacht seachtrach ar fud na tíre, ina measc an Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta, Aontaí Gairmeacha de chuid gradireland, Higher Options agus World Skills, Searmanais Saoránachta Éireannaí agus Aontaí Earcaíochta Intreo.
- Thacaigh muid le conairí tallainne agus bealaí iontrála níos éagsúla isteach sa státseirbhís agus sa tseirbhís phoiblí, rinne muid bainistíocht ar an bpróiseas earcaíochta don Chlár um Fhilleadh Cuidithe ar an nGairm agus don Chlár Socrúcháin don Lucht Siúil agus don Phobal Romach; agus cheap muid 26 iarrthóir ón gclár Willing Able Mentoring (WAM).

- D'fhorbair muid ár gcumas monatóireachta comhionannais, d'fhonn anailís a dhéanamh ar shonraí faoi iarrthóirí chun an dul chun cinn a chinneadh maidir le linn tallainne níos leithne agus níos éagsúla a chruthú don státseirbhís agus don tseirbhís phoiblí.

Chuir muid méadú faoi dhó ar an bhfeasacht faoi bhranda poistphoiblí

Tar éis dúinn ár mbranda a athnuachan agus ár gcéad fheachtas Meallta Tallainne a reáchtáil sna meáin in 2024, chuaigh muid i bpáirt le Red C chun taighde margaidh náisiúnta a dhéanamh ar an bhfeasacht faoinár mbranda go luath in 2025.

Inár straitéis NUA26 roimhe seo, bhí sprioc leagtha amach againn chun méadú faoi dhó a chur ar an bhfeasacht faoinár mbranda ó 8% go 16% le linn shaolré na straitéise (2023 go dtí 2026). Bunaithe ar an taighde margaidh a rinneadh go luath in 2025, baineadh an sprioc sin amach agus bhí feasacht spontáineach faoinár mbranda ag 18%. Tá sé i gceist againn cur leis sin anois agus méadú breise a chur ar an bhfeasacht faoinár mbranda sna blianta amach romhainn.



Mar an soláthraí láraithe seirbhísí earcaíochta, measúnaithe agus roghnúcháin don státseirbhís agus don tseirbhís phoiblí, tá sé mar aidhm againn amharc-aithne shoiléir, chomhsheasmhach, nua-aimseartha agus inrochtana a sholáthar dár n-eagraíocht leis an ainm branda athnuaite a fheiceann custaiméirí, poistphoiblí, d'fhonn cur leis an bhfeasacht faoi na seirbhísí a chuireann muid ar fáil, agus d'fhonn an ghníomhaíocht earcaíochta a dhéanann muid do chliaint sa státseirbhís agus sa tseirbhís phoiblí a bhrú chun cinn.

An líne lipéid a théann leis an mbranda athnuaite ná... 'tá post poiblí ann chuige sin'. Tacaíonn sé sin le téama na héagsúlachta, agus go bhfuil gairm duit san earnáil phoiblí beag beann ar cé thú féin nó cén réimse spéise atá agat. Cuireann sé in iúl freisin go bhfuil an-chuid post agus gairmeacha le fáil amach fúthu san earnáil phoiblí atá spéisiúil, mealltach agus a bhfuil cuspóir leo.

Creideann go gcuireann an branda athnuaite ar ár gcumas margaíocht níos fearr a dhéanamh ar éagsúlacht na ngairmeacha agus na ról atá ar fáil, agus ar thairiscint luacha fostóirí sa státseirbhís agus sa tseirbhís phoiblí.

Reáchtáil muid feachtas Meallta Tallainne eile sna meáin

Reáchtáil muid an dara feachtas Meallta Tallainne sna meáin i mí Mheán Fómhair, agus é dírithe ar ghairmeacha sa státseirbhís agus sa tseirbhís phoiblí a chur chun cinn, chomh maith leis na róil a ndéanann muid bainistíocht orthu thar ceann ár gcliant sa státseirbhís agus sa tseirbhís phoiblí. Reáchtáladh an feachtas go dátheangach (Béarla agus Gaeilge) ar ardáin éagsúla sna meáin, ar feadh tréimhse sé seachtaine. I gcomparáid leis an bhfeachtas tosaigh a reáchtáil muid in 2024, dhírigh an dara feachtas níos mó ar fhormáidí fógraíochta faoin aer (taobh amuigh den bhaile) chun amharc-aithne an bhranda a chothú i measc spriocghrúpaí.

An Feachtas Margaíochta Earcaíochta is Fearr ag Gradaim na Cónaidhme Fostaíochta agus Earcaíochta

I mí na Samhna, bhuaigh poistphoiblí an chéad áit sa chatagóir An Feachtas Margaíochta Earcaíochta is Fearr ag Gradaim na Cónaidhme Fostaíochta agus Earcaíochta (ERF) 2025, a tionóladh sa Shelbourne Hotel i mBaile Átha Cliath.



Bhuaigh muid an gradam don fheachtas Meallta Tallainne dar teideal 'Ó Réimse Spéise go Gairm' a reáchtáladh ar ardáin éagsúla sna meáin le linn 2024 agus 2025.

Tá sé mar aidhm ag an bhfeachtas gairmeacha sa státseirbhís agus sa tseirbhís phoiblí a chur chun cinn, chomh maith leis na róil a bhainistíonn poistphoiblí thar ceann ár gcliant sa státseirbhís agus sa tseirbhís phoiblí. Léiríonn sé gur féidir le gairmeacha sa státseirbhís agus sa tseirbhís phoiblí a bheith ag teacht le réimsí spéise daoine, agus gur féidir le daoine difear a dhéanamh do shaincheisteanna agus do réimsí a mbíonn siad aireach orthu ach dul i mbun na ngairmeacha sin. Tugann sé le fios go bhfuil raon leathan ról ann le fáil amach fúthu, róil atá mealltach, spéisiúil a bhfuil cuspóir leo.

Chun léiriú iontaofa a thabhairt ar a nua-aimseartha agus a éagsúla atá an státseirbhís agus an tseirbhís phoiblí, is daoine atá fostaithe sa státseirbhís nó sa tseirbhís phoiblí faoi láthair iad na daoine a fheictear san fheachtas.



Tugann Gradaim ERF aitheantas do bharr feabhais sa tionscal earcaíochta, agus dúirt na moltóirí nach raibh amhras ann go mbuafadh poistphoiblí an chatagóir mar gheall ar an bhfeachtas den scoth a bhí láidir, cruthaitheach agus bunaithe ar chuspóir. Dúirt siad go ndeachaigh an feachtas i ngleic le míthuiscintí faoi ghairmeacha san earnáil, ar bhonn macánta agus dearfach, agus gur thaispeáin sé fíordhaoine ag imirt fíorthionchair. Dúirt siad freisin gur bhain an feachtas úsáid iontach as cainéil iolracha, ceangal láidir le daoine agus fianaise shoiléir ar an rath.

I mí na Bealtaine, bhuaigh poistphoiblí an bonn Óir sa chatagóir 'Straitéis ar na Meáin Shóisialta chun Feasacht an Phobail a Mhúscailt' ag Gradaim 'Sockies' na Meán Sóisialta, a thugann aitheantas do thallann agus a dhéanann an scoth sna meáin shóisialta a cheiliúradh.



Chuir muid méadú mór ar líon leantóirí ár meán sóisialta

In 2025, chuir muid méadú suntasach ar lucht leantóirí chuntais poistphoiblí ar na meáin shóisialta, d'fhonn spriocghrúpa níos fairsinge a aimsiú agus a rannpháirtíocht a spreagadh. Chuir muid 36,000+ lenár lucht leantóirí ar na meáin shóisialta, chun 200,000+ leantóir a bhaint amach ar LinkedIn, 90,000+ leantóir ar Facebook, agus 20,000+ leantóir ar Instagram. Áiríodh leis sin 21,000+ leantóir breise ar LinkedIn agus 10,000+ leantóir breise ar Facebook.

D'fhorbair muid cineálacha nua ábhair dár gcainéil ar na meáin shóisialta freisin, go háirithe níos mó ábhair físeáin, ina measc faisnéis sheachtainiúil faoi chomórtais a bhí le dúnadh go luath agus comórtais a bhí le teacht aníos, agus físeáin inar míníodh struchtúr agus modh oibre na státseirbhíse, struchtúr na ngrád, mar shampla.

Thomhais muid gur thug os cionn 4 mhilliún cuairteoir cuairt ar an suíomh gréasáin publicjobs.ie in 2025 agus go raibh os cionn 10 milliún amharc leathanaigh ann. Feidhmíonn clár na bpost ar an suíomh gréasáin mar phríomhchainéal fógraíochta d'fholúntais ar bhonn leanúnach, agus d'ullmhaigh muid níos mó ábhar treorach so-úsáidte don suíomh gréasáin le linn 2025, m.sh. leathanach tiomnaithe maidir le

Gardaí faoi Oiliúint ar an suíomh gréasáin, agus leathanach faisnéise tiomnaithe faoin Ardán Earcaíochta Nua ar an suíomh gréasáin.

Freastal ar imeachtaí ar fud na tíre

D'fhreastail muid ar 30+ imeacht ar fud na tíre in 2025, ina measc an Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta, Aontaí Gairmeacha de chuid gradireland, Higher Options agus World Skills, Searmanais Saoránachta Éireannaí agus Aontaí Earcaíochta Intreo.

Bhí deis againn caidreamh a dhéanamh le spriocghrúpaí faoi leith ar scála mór mar thoradh ar a bheith i láthair ag roinnt mhaith de na himeachtaí móra ardphróifíle sin a mbíonn freastal mór orthu; cuir i gcás an Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta i mí Mheán Fómhair, Aontaí Gairmeacha gradireland san Earrach agus san Fhómhar, agus Higher Options agus World Skills i mí Mheán Fómhair freisin.

Maidir le himeachtaí a mbeadh suim níos mó ag cliaint iontu, agus a bhíonn eagraithe ag ranna/eagraíochtaí eile sa státseirbhís, nó i gcomhar leo, is minic a thugtar cuireadh do poistphoiblí freastal orthu agus tacú leo inár gcáil mar an soláthraí láraithe seirbhísí earcaíochta, measúnaithe agus roghnúcháin don státseirbhís agus don tseirbhís phoiblí. Bíonn searmanais Saoránachta Éireannaí agus Aontaí Earcaíochta arna reáchtáil ag an Roinn Coimirce Sóisialaí i measc imeachtaí den sórt sin.

D'fhreastail muid ar imeachtaí éagsúla chun tacú lenár ngealltanais agus lenár gcuid oibre a bhaineann le CÉ&I, ina measc Aonach Gairmeacha AHEAD dar teideal *'Building the Future'*, bronnadh teastas Chlár Oiliúna Foghlama Oibre an Oireachtais (OWL), Comhdháil Bhliantúil IHREC, Bród Bhaile Átha Cliath agus Lá na hAfraice.

Bíonn seastán, bileoga agus earraí poistphoiblí ag gach imeacht, agus bíonn roinnt ball foirne i láthair mar ambasadóirí – gach ceann díobh sin chun caidreamh a dhéanamh leis an lucht freastail agus ár seirbhísí a chur chun cinn.











Conairí tallainne agus bealaí isteach éagsúla

In 2025, thacaigh muid le conairí tallainne agus bealaí iontrála níos éagsúla isteach sa státseirbhís agus sa tseirbhís phoiblí, rinne muid bainistíocht ar an bpróiseas earcaíochta don Chlár um Fhilleadh Cuidithe ar an nGairm (ARC) agus don Chlár Socrúcháin don Lucht Siúil agus don Phobal Romach; agus cheap muid 26 iarrthóir ón gclár Willing Able Mentoring (WAM).

Mar chuid de sin, lean muid de bheith ag obair le ranna ar fud na státseirbhíse agus le raon éagsúil eagraíochtaí sochaí sibhialta, chun socrúcháin oibre le pá agus le meantóirí agus bealaí chuig róil bhuana sa státseirbhís a thairiscint.

Cuireann an clár WAM socrúchán 12 mhí le pá agus le meantóir ar fáil do chéimithe faoi mhíchumas. Sa chéad ráithe de 2025, rinne ár n-eagraíocht chomhpháirtíochta, AHEAD, measúnuithe ar riachtanais san ionad oibre do rannpháirtithe a fuair socrúcháin oibre i 13 roinn rialtais, agus tugadh ionduchtú chun críche i mí Aibreáin.

Rinne poistphoiblí bainistíocht ar an bhfeachtas earcaíochta WAM 2026 le linn R4 2025, le tacaíocht ó chlinic agallaimh d'iarrthóirí. D'éirigh le 35 iarrthóir as an 140 a rinne iarratas áit a fháil ar an bpainéal. Déanfaidh AHEAD measúnuithe san ionad oibre agus tacóidh sé le poistphoiblí le sannacháin. Tá coinne leis go dtosófar ar na socrúcháin oibre i R2 2026.

Bhí an feachtas WAM a sholáthraíonn bealach chuig post buan ar siúl i rith na bliana, do rannpháirtithe ar éirigh leo a socrúchán oibre 12 mhí a chur i gcrích. Rinne beirt bhainisteoirí líne measúnuithe ar iarrthóirí agus tástáladh an chaoi a dtabharfadh iarrthóirí breithiúnas ar chásanna mar chuid de na próisis roghnúcháin. D'éirigh le 20 iarrthóir ag na céimeanna sin agus tugadh cuireadh chun agallaimh dóibh. D'éirigh le gach duine den 20 ag an agallamh agus tá coinne leis go gceapfar iad i róil bhuana in 2026.



Bhí áthas ar poistphoiblí glacadh le gradam Ceannairí WAM i mí na Samhna thar ceann na státseirbhíse. Tugann an gradam sin aitheantas don mhéid mór a chuir muid leis an gclár WAM le fiche bliain anuas.

Ghlac poistphoiblí páirt i ngrúpa oibre freisin chun an creat AHEAD WIDE a fhorbairt. Seoladh an creat i R4 2025 agus feidhmíonn sé mar acmhainn ilfreastail a thugann treoraíocht d'fhostóirí faoi mhíchumas, earcaíocht ionchuimsitheach agus coinneáil.

Is clár feidhmeach foghlama, forbartha agus sóisialaithe d'aosaigh óga faoi mhíchumas intleachta é Clár Foghlama Oibre an Oireachtais (OWL). Cuireadh agallamh do phost buan ar ochtar rannpháirtithe i gclár 2025 ar éirigh leo a socrúcháin oibre a chur i gcrích, agus ceapadh daoine i róil bhuana mar Oifigigh Chléireachais agus mar Oifigigh Seirbhíse.

I RI 2025, d'iarr Tithe an Oireachtais ar ranna a fhostaíonn daoine, poistphoiblí ina measc, athbhreithniú a dhéanamh ar an gclár OWL agus leaganacha de amach anseo a fheabhsú. Tá athruithe dearfacha déanta chun an clár a shaibhriú mar thoradh air sin.

Cuireadh tús leis an dara babhta den chlár 12 mhí le pá agus le meantóir, an Clár Socrúcháin don Lucht Siúil agus don Phobal Romach in 2025 freisin - tar éis chomhoibriú le DPER, leis an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce, leis an Roinn

Leanaí, Míchumais agus Comhionannais - agus le hOifigigh Idirchaidrimh Chláir nuacheaptha as eagraíochtaí pobail, Pavee Point agus Involve. Tosaíodh ag glacadh le hiarratais ar an gClár i mí Mheán Fómhair agus bhí socrúcháin ag leibhéal an Oifigigh Feidhmiúcháin agus an Oifigigh Chléireachais ar fáil i seacht láthair ar fud na tíre. Tháinig méadú mór ar an líon iarratas ón dá phobal ar leagan 2025 den Chlár. Tugadh cuireadh chun agallaimh do gach iarrthóir agus reáchtáil poistphoiblí clinicí ullmhúcháin chun an seans is fearr a thabhairt d'iarrthóirí. D'éirigh le 18 n-iarrthóir dul isteach sa phróiseas ceadaithe (12 Oifigeach Cléireachais agus 6 Oifigeach Feidhmiúcháin) agus tá coinne leis go sannfar iad in 2026.

Ag cur leis na bealaí ionchuimsitheacha seanbhunaithe chuig poist bhuana do na cláir WAM agus OWL, tá bealach chuig poist bhuana curtha leis an gClár Socrúcháin don Lucht Siúil agus don Phobal Romach.

I R3 2025, thosaigh an fhoireann CÉ&I ar bhealach nua ionchuimsitheach do dhaoine ar ciontaíodh iad san am atá caite a fhiosrú (bunaithe ar thionscnamh státseirbhíse sa Ríocht Aontaithe). Rinneadh réamhphléití leis an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce, agus leis an *Criminal Justice Network* in 2025 agus tá coinne leis go ndéanfar breis oibre ar an togra sin in 2026.

Linn tallainne níos leithne agus níos éagsúla a chruthú

I RI 2025, tar éis athbhreithniú a dhéanamh, leasaigh poistphoiblí na ceisteanna monatóireachta comhionannais a chuirtear ar iarrthóirí ag céim an iarratais (cuimsíonn siad na naoi bhforas sna hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta)

Tá na ceisteanna nuashonraithe i gcomhréir le caighdeáin sonraí na Príomh-Oifige Staidrimh, agus forbraíodh clár eolais chun anailís a dhéanamh ar na sonraí uathu. Is réamhthorthaí atá á soláthar ag na sonraí faoi láthair, agus nuair a bheidh an clár eolais i bhfeidhm go hiomlán, beidh muid in ann tuairisciú ar bhonn bliantúil ar an raon iomlán sonraí a bhailítear agus na sonraí sin a úsáid mar bhonn eolais dár straitéis agus KPInna.

Faoi láthair, tá na réamhthorthaí ag taispeáint go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh ar linn tallainne níos leithne agus níos éagsúla a chruthú don státseirbhís agus don tseirbhís phoiblí.

Taithí an Iarrthóra

Ar an iomlán bhí an ráta sásaimh iarrthóirí maidir leis an tseirbhís earcaíochta a chuir poistphoiblí ar fáil 59% in 2025.

In 2025 bhí an ráta sásaimh iarrthóirí maidir le cumarsáid le linn an phróisis earcaíochta 47%. Is é an toradh sin ár mbonnlíne agus muid ag iarraidh méadú 10% ar an ráta sásaimh a bhaint amach in 2026.



Ár gcumasóirí

Mar a rinne muid cumasú in 2025:

- Chuir ár mbaill foirne 5,400+ uair an chloig d'oiliúint i gcrích, ar Dhea-Chleachtas Earcaíochta, Cibearshlándáil, Cosaint Sonraí agus CÉ&I, i measc ábhar eile.
- Thug muid clár ionduchtaithe foirne nua isteach, chomh maith le clár feabhsaithe oiliúna maidir le hiompar eiticiúil a chuimsigh Cosaint Sonraí, Cibearshlándáil, Dlí, Dearbhú Cáilíochta, Rialachas, agus Margaíocht & Cumarsáid.
- Ghlac 24 bhall foirne páirt i mbreisoideachas agus oiliúint, ar ábhair amhail Acmhainní agus Earcaíocht, IS, Rialachas, Anailísíocht Sonraí, Margaíocht Dhigiteach, agus Bainistiú Athruithe.
- Bronnadh gradam Inclusio 'Barr Feabhais in Éagsúlacht, Comhionannas agus Ionchuimsiú' (ÉCI) orainn, gradam a thugann aitheantas d'eagraíochtaí atá tiomanta do ÉCI.
- Mar gheall ar chinntí straitéiseacha faoi acmhainní, bhí an líon ball foirne 8% faoin líon ceadaithe; thosaigh 38 duine nua agus d'fhág 49 duine le linn na bliana.
- Tháinig na príomhfhóraim inmheánacha bhainistíochta agus chinnteoireachta le chéile go rialta. Tháinig an Fhoireann Feidhmiúcháin le chéile 20+ uair, tháinig an Bord le chéile 6 huaire, tháinig an Coiste Iniúchóireachta le chéile 4 huaire agus tháinig an Coiste Bainistíochta Riosca le chéile II uair.
- Rinne muid bainistíocht ar 238 athbhreithniú CCSP a bhain lenár gcomórtais earcaíochta.

- D'úsáid muid an t-ardán Microsoft Power chun uirlisí nua a thabhairt isteach chun tacú le feidhmíocht agus forbairt na foirne, lena n-áirítear an aip Sonraíocht Phoist agus an uirlis 'Treoir Ghairme'.
- Rinne muid ríomhairí glúine uile na foirne a uasghrádú go dtí Windows 11 agus rinne muid na bogearraí ar an suíomh gréasáin publicjobs.ie a nuashonrú.



Daoine agus Cultúr

Acmhainní
Ba é 302 an líon iomlán ball foirne ag deireadh na bliana 2025, is é sin seachtar níos lú ná mar a bhí ann ag deireadh na bliana 2024 (309), agus naonúr níos lú ná mar a bhí ann ag deireadh na bliana 2023 (311).

Ba é 293.4 an choibhéis lánaimseartha (CLA) fhoriomlán ag deireadh na bliana 2025, laghdú 6.1 CLA i gcomparáid le deireadh na bliana 2024 (299.5), agus laghdú 4.1 CLA i gcomparáid le deireadh na bliana 2023 (297.5). Ba é 322 an CLA a cheadaigh DPER don bhliain 2025, agus bhí an CLA fhoriomlán (293.4) 28.6 CLA (8.9%) faoin líon ceadaithe.

Thosaigh 38 mball foirne nua in 2025 agus d'fhág 49 mball foirne. Ba é 15.3% an ráta athraithe foirne, ráta nár athraigh i gcomparáid le 2024, ach a léirigh laghdú 4.5% i gcomparáid le 2023 (19.8%).

Ba é ardú céime seachtrach an fáth ba mhó ar fhág baill foirne. B'ionann sin agus 41% den líon ball foirne a d'fhág in 2025 (méadú 5% i gcomparáid le 2024). Ba é deireadh le conradh an dara fáth ba mhó, arbh ionann é agus 18% (ráta gan athrú i gcomparáid le 2024).

Ba é 1.54% an ráta neamhláithreachta in 2025. B'ionann sin agus laghdú 0.30% i gcomparáid le 2024 (1.84%).

Foghlaim agus Forbairt
Soláthraíodh clár cuimsitheach Foghlama agus Forbartha don fhoireann in 2025, clár a bhí i gcomhréir le cuspóirí na heagraíochta agus a thacaigh leo. Chuir an fhoireann 5,417 uair an chloig oiliúna i gcrích.

D'fhreastail 91% den fhoireann ar 5 chúrsa oiliúna Foghlama agus Forbartha nó níos mó in 2025 (seisiúin oiliúna éigeantacha ina measc).

Seo a leanas na 5 chatagóir oiliúna ba mhó ar ghlac an fhoireann páirt iontu (in ord);

1. Foghlaim agus Forbairt Ghinearálta
2. Cibearshlándáil
3. Folláine
4. Sonraí
5. CÉ&I

Soláthraíodh na nithe a leanas faoin gclár Foghlama agus Forbartha in 2025:

- Clár Ionduchtaithe nua ó mhí Eanáir
- Clár feabhsaithe oiliúna maidir le hiompar eiticiúil dar teideal 'Risky Business' , lenar cuireadh aonaid na Cáilíochta, an Rialachais agus na Margaíochta.
- An tsraith 'Cosaint Sonraí 101.25' - 4 sheimineár gréasáin faoi Sháruithe ar Shonraí, Bonn Dlí, na Prionsabail agus Measúnuithe Tionchair ar Chosaint Sonraí (DPIAnna)
- Sláinte agus Sábháilteacht – oiliúint do Mhaoir Dóiteáin
- Oifigeach Feidhmiúcháin/Ardoifigeach Feidhmiúcháin/Príomhoifigeach Cúnta - cúrsaí do dhaoine Nuacheaptha sa Ghrád
- Seisiún 'Earcaíocht Ionchuimsitheach 101' dar teideal Ready Steady Accommodate, a bhain le socruithe réasúnta d'iarrthóirí
- Clár bunúsach i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann – 10 seachtaine
- Ceardlanna néara-éagsúlachta do bhaill foirne agus do bhainisteoirí
- Ceardlann do bhaill foirne agus do bhainisteoirí ó Meabhairshláinte Éireann
- Oiliúint i Saoráil Faisnéise agus RGCS
- Teastas Gairmiúil i nDlí na Fostaíochta







- Clár Cóitseála Foirne don Fhoireann Feidhmiúcháin, a cuireadh i gcrích thar 18 mí
- Clár Ceannaireachta Straitéisí do Cheannairí Sinsearacha sa tSeirbhís Phoiblí, a cuireadh i gcrích thar 8 lá
- An Clár Beacon do Cheannairí Ardacmhainne, a cuireadh i gcrích thar 5 lá
- Clár do Cheannairí atá ag Teacht Chun Cinn (Forbairt OR), a cuireadh i gcrích thar 8 lá
- Clár Cóitseála Foirne

Thug 24 bhall foirne faoi bhreisoideachas in 2025 freisin, i bhfoirm céimeanna/dioplómaí/teastais ghairmiúla.

Sláinte agus Folláine
Bhunaigh muid Coiste um Fholláine san Ionad Oibre agus ceapadh 10 nAmbasadóir Folláine.

D'fhorbair foireann na nDaoine agus an Chultúir Mol Folláine agus sheol sí é ar inlíon na foirne (eHub). Ag croí an mhoil, tá 'Meabhair', 'Corp' agus 'Saol', agus feidhmíonn sé mar acmhainn láraithe do na tacaíochtaí folláine go léir atá ar fáil don fhoireann agus treoraíonn sé daoine chuig na hacmhainní.

Bhí ióga, folcadh fuaime, tionscnaimh maidir le bia sláintiúil agus siúlóidí ag am lóin san áireamh sa Chlár Folláine in 2025. Reáchtáil muid seimineáir ghréasáin faoin meabhairshláinte, seisiúin feasachta agus gníomhaíochtaí aireachais freisin.

Inclusio
In 2024, chuaigh poistphoiblí i bpáirt le Inclusio chun úsáid a bhaint as a ardán i bhfoirm cluichí chun measúnú a dhéanamh ar ár gcultúr san ionad oibre, trí dheis a thabhairt do bhaill foirne freagraí gan ainm a thabhairt i raon réimsí. Chuir an tionscnamh uirlis dhiagnóiseach luachmhar ar fáil dúinn a lig dúinn tuiscint níos doimhne a fháil ar dhéimeagrafaic na foirne, agus príomhréimsí a shainaithint le díriú orthu chun tuilleadh feabhais a chur ar ár gcultúr san ionad oibre. Mhair an tionscnamh Inclusio trí sheachtain agus ghlac 80% den fhoireann páirt ann, agus bhí áthas orainn scóir arda a fheiceáil i réimsí amhail muintearas, iontaoibh agus sábháilteacht shíceolaíoch.



In 2025, agus úsáid á baint as na léargais a fuarthas, d'fhorbair an fhoireann CÉ&I agus foireann na nDaoine agus an Chultúr sraith de ghrafaic faisnéise don fhoireann a léirigh príomhthorthaí ó thionscnamh Inclusio i réimsí amhail náisiúntacht, ballraíocht sa phobal LADTIA+, stádas teaghlaigh, socruithe réasúnta, míchumas, agus dearcadh na foirne ar ár gcultúr. Thug na léargais bonn eolais d'oiliúint spriocdhírithe agus d'acmhainní forbartha don fhoireann le linn 2025 freisin, ina measc seisiúin faoi fheasacht ar an néara-éagsúlacht agus ceardlanna spriocdhírithe ar bhainisteoirí chun muinín a chothú iontu maidir le tacaíocht a thabhairt d'fhoirne éagsúla. Bhí freastal maith ar na seisiúin agus ar na ceardlanna uile agus thaitin siad leis an bhfoireann.

Cúis bhróid do poistphoiblí ab ea glacadh le gradam Inclusio 'Barr Feabhais in Éagsúlacht, Comhionannas agus Ionchuimsiú', (ÉCI) a bhronn POF Inclusio, Sandra Healy. Tugann an gradam seo aitheantas d'eagraíochtaí atá tiomanta do ÉCI agus a cheiliúrann ceannaireacht den scoth chun cultúr ionchuimsitheach a chothú.



Treoir Ghairme

D'fhorbair muid uirlis nua féinmheasúnaithe agus forbartha gairme, 'Treoir Ghairme', a chuireann ar chumas baill foirne measúnú a dhéanamh ar a bhfeidhmíocht i gcoinne an Chreata Inniúlachta don Státseirbhís. Baintear úsáid as an uirlis chun réimsí forbartha a shainaithint agus cuireann sé cur chuige saincheaptha ar oiliúint ar fáil. Tá an Treoir Ghairme deartha chun cabhrú le baill foirne measúnú a dhéanamh ar a n-ullmhacht maidir le hardú céime a fháil nó dul chun cinn a dhéanamh, chun tacú le bainisteoirí comhráite faoi fhorbairt a bheith acu, agus chun pleanáil ghairme a chur i gcomhréir le CBFF.

An aip Sonraíocht Phoist

I gcomhar leis an Aonad um Sheirbhísí Measúnaithe agus leis an bhfoireann Forbartha Bogearraí, d'fhorbair foireann na nDaoine agus an Chultúir an aip Sonraíocht Phoist, lena gcruthaítear sonraíochtaí poist saincheaptha le haghaidh breis agus 170 ball foirne. Cruthaíodh taisclann Sonraíochtaí Poist inchuardaithe, a thugann deis do bhaill foirne teacht ar a Sonraíocht Phoist féin agus róil in aonaid agus iniúchadh a dhéanamh ar ghráid éagsúla. Leis an aip, tugtar tuairiscí níos soiléire ar róil, agus tacaítear le soghluaisteacht agus comhráite faoi fhorbairt.

Obair Chumaisc
Rinneadh suirbhé ar Thaithí ar Obair Chumaisc agus Cumarsáid chun aiseolas a bhailiú ón bhfoireann faoi cleachtais na hoibre cumaisc agus na cumarsáide inmheánaí. Bhí na torthaí ón suirbhé mar bhonn eolais do ghníomhartha leantacha a cuireadh i bhfeidhm i rith na bliana, agus leanfaidh muid de mhonatóireacht a dhéanamh ar ár samhail don obair chumaisc ina n-oibrítear san oifig dhá lá sa tseachtain ar a laghad (lena n-áirítear lá daingnithe don fhoireann) le linn 2026.

An Gradam 'Luachanna i nGníomh'
Rinneadh 31 ainmniúchán don scéim aitheantais foirne inmheánach, an Gradam Luachanna i nGníomh in 2025, lena dtugtar aitheantas do bhaill foirne ag leibhéal an Oifigigh Seirbhíse, an Oifigigh Chléireachais agus an Oifigigh Feidhmiúcháin a léiríonn iompar dearfach atá bunaithe ar luachanna ina róil. Is iad Iontaoibh, Barr Feabhais, Ceannaireacht, Nuálaíocht, Ionchuimsiú agus Béim ar Chustaiméirí luachanna na heagraíochta.

Beartais AD
Rinneadh na beartais oiriúnacha uile a bhain le Daoine agus Cultúr (AD) a nuashonrú le linn 2025, agus socraíodh 'Mol Beartais' nua ar inlíon na foirne (eHub), chun pointe lárnach a chur ar fáil don fhoireann chun rochtain a dhéanamh ar bheartais, cóid chleachtais agus ciorcláin na heagraíochta - ionas go mbeidh sé éasca teacht ar fhaisnéis a bhaineann le AD.

An Clár Meantóireachta Open Doors
Bhí áthas ar bhaill dár bhfoireann CÉ&I agus d'fhoireann na nDaoine agus an Chultúir dul i bpáirt leis an gClár Meantóireachta Open Doors le linn 2025. Ach páirt a ghlacadh sa chlár, bíonn baill foirne ón dá fhoireann sin ag meantóireacht daoine a bhfuil bacainní ar an margadh saothair rompu.

Rialachas

Ról ár mBoird agus an POF

Bunaíodh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí faoin Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004. Déantar foráil san Acht do Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus Bord a cheapadh. Déantar foráil leis na struchtúir atá curtha ar bun sa reachtaíocht go bhféadfaidh an Príomhfheidhmeannach a bheith ina Oifigeach Cuntasaíochta agus ina Cheann ainmnithe ar an Oifig Sceidealta (faoin Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí, 1997). Is comhlacht státseirbhíse í an eagraíocht, dá bharr sin, agus tá tionchar aige sin ar ról agus ar chineál an Bhoird, atá den chineál Comhairleach, mar gheall ar na freagrachtaí láidre dlí a chuirtear ar an bPríomhfheidhmeannach.

Ról an Oifigigh Chuntasaíochta

Tá an eagraíocht ar cheann de líon beag Comhlachtaí Stáit a bhfuil Oifigeach Cuntasaíochta reachtúil acu (an Príomhfheidhmeannach) laistigh den chiall in Alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act, 1866, atá freagrach as cistí Vótáilte. Dá bhrí sin, is é an tOifigeach Cuntasaíochta atá freagrach as na Cuntais Leithreasa agus na nósanna imeachta airgeadais phoiblí ghaolmhara a ullmhú. Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach go pearsanta do Choiste um Chuntais Phoiblí na reachtaíochta, as rialtacht agus cuibheas na n-idirbheart sna cuntais a bhfuil siad freagrach astu, agus as barainneacht, éifeachtúlacht agus éifeachtacht - agus as maoirseacht sócmhainní.

Feidhmeanna an Bhoird

Mar léiriú ar chaidreamh cuntasaíochta an POF leis an Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin (DPER) mar a leagtar amach thuas, tá feidhmeanna reachtúla an Bhoird de chineál níos comhairlí ná mar atá feidhmeanna traidisiúnta Bhoird Stáit, agus baineann siad, go bunúsach, le comhairle nó treoir a thabhairt don Phríomhfheidhmeannach. Tá na feidhmeanna sonracha leagtha amach in alt 36 den Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004.

Déanann ár n-ainm branda agus ár bhféiniúlacht, 'poistphoiblí', tagairt don tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí a bunaíodh faoin Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004-2013.

Bord poistphoiblí in 2025	
Tom Moran	Iar-Ard-Rúnaí na Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
Margaret McCabe	Príomhfheidhmeannach, poistphoiblí
Fiona Quinn	Rúnaí Cúnta, An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
Mary Connaughton	Iar-Stiúrthóir Feidhmiúcháin, CIPD Éireann

Yvonne Cooke	Iar-Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar Acmhainní Daonna agus Forbairt Daoine, An Garda Síochána (Téarma Oifige curtha i gcrích in 2025)
Yvonne Furey	Rúnaí Cúnta, An Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce (Téarma Oifige tosaithe in 2025)
Colin Menton	Rúnaí Cúnta, An Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin
Anne Marie Hoey	Stiúrthóir Náisiúnta AD, FSS
Valerie Lawlor	Comhpháirtí, McCann Fitzgerald
Sinead Burns	Síceolaí Ceirde agus Comhalta CIPD

Tionóladh sé chruinniú Boird in 2025.

Comhalta Boird	% de na cruinnithe ar ar fhreastail Comhalta Boird
Tom Moran	100%
Margaret McCabe	83%
Fiona Quinn	83%
Mary Connaughton	100%
Yvonne Cooke	50%
Yvonne Furey	100%
Colin Menton	83%
Anne Marie Hoey	83%
Valerie Lawlor	100%
Sinead Burns	83%

An Fhoireann Feidhmiúcháin

Is é cuspóir na Foirne Feidhmiúcháin ná a chinntiú go gcuirtear straitéis na heagraíochta i gcrích agus a chinntiú go bhfuil struchtúir bhainistíochta éifeachtacha ar bun agus ag feidhmiú go héifeachtach, lena n-áirítear struchtúir rialachais chorparáidigh. Tá siad freagrach as dearbhú a thabhairt don Bhord go bhfuil na hacmhainní uile á n-úsáid go héifeachtach agus, taobh istigh de na hacmhainní leithdháilte, a chinntiú go bhfuil an cumas ag an eagraíocht a sainchúram reachtúil a chomhlíonadh.

Treoraíonn agus bainistíonn an Fhoireann Feidhmiúcháin cur i bhfeidhm na gcóras, na bpróiseas agus an iompair is gá chun dea-rialachas corparáideach a chur chun cinn ar fud na heagraíochta, agus a chinntíonn go n-oibríonn na baill foirne go léir le chéile mar fhoireann ardfheidhmíochta. Tá an Creat Rialachais Choraparáidigh le fáil ar publicjobs.ie. Tá freagracht ar gach ball den Fhoireann Feidhmiúcháin ceannaireacht a léiriú, cur le bainistíocht na heagraíochta ina hiomláine agus tacú go gníomhach le comhghleacaithe chun a gcuspóirí a bhaint amach. Tugann an lucht ceannaireachta agus bainistíochta léiriú ar rialachas éifeachtach ón mbarr anuas, agus léiríonn siad

iompraíocht dea-rialachais agus tiomantas do chuspóirí a bhaint amach trí phróisis chuntasacha.

Comhaltaí na Foirne Feidhmiúcháin in 2025	
Ainm	**Ról**
Margaret McCabe	Príomhfheidhmeannach, poistphoiblí
Michelle Noone	Ceannasaí na Straitéise Earcaíochta Tallainne
Eimear O'Connor	Ceannasaí Oibríochtaí Earcaíochta agus Soláthair Seirbhíse (Príomhoifigeach Oibríochta)
Sinéad Coleman	Ceannasaí Aimsithe Tallainne don tSeirbhís Phoiblí
Sandra Cairns	Ceannasaí Aimsithe Tallainne don Státseirbhís
Catherine Dobbins	Ceannasaí na Seirbhísí Corparáideacha
Niall Leavy	Ceannasaí na Rannpháirtíochta Margaidh (chuaigh ar scor i lár 2025)
An Dr Aoife Lyons	Ceannasaí na Seirbhísí Measúnaithe agus Taighde
Rosemarie O'Mahony	Príomhoifigeach Teicneolaíochta
Fiona Morgan	Ceannasaí Aonad na nDaoine agus an Chultúir
Aileen Tuliani	Ceannasaí Airgeadais
Áine Gray	Ceannasaí na Forbartha Acmhainneachta agus an Ionchuimsithe (chuaigh ar scor i R4 2025)

An Struchtúr Eagraíochtúil

Déanann na foirne earcaíochta agus roghnúcháin na croífheidhmeanna gnó. Tá croífhreagracht ar gach fhoireann, ach tá an struchtúr sách solúbtha le hacmhainní a dhíriú ar an áit is mó éilimh ag am ar bith. Tá foireann speisialtóirí freagrach as próiseas na mBord Stáit.

Cabhraíonn aonaid tacaíochta leis na foirne earcaíochta, lena n-áirítear: Seirbhísí Measúnaithe, Cuardach d'Fheidhmeannaigh, Margaíocht agus Cumarsáid, Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú, Teicneolaíocht Faisnéise, Airgeadas, Caidreamh le Cliaint agus Iarrthóirí, Tacaíocht Ghnó agus Bainistíocht Saoráidí, Roghnú Comhaltaí Boird, Daoine agus Cultúr, Comhlíonadh, Dearbhú Cáilíochta agus Dlí, Tuiscintí Gnó, agus Seirbhísí Tionscadal.

An Coiste Iniúchóireachta

Mar seo a leanas a bhí comhaltacht an Choiste Iniúchóireachta le linn 2025:

- Kevin Smyth (Cathaoirleach)
- Anne Marie Taylor (go dtí mí na Bealtaine 2025)
- Noel O'Connell
- Louise Jevens
- Valerie Bowens

- Judith Lawless (ó mhí na Bealtaine 2025)

Tháinig an Coiste le chéile ceithre huaire le linn 2025.

Lean an Coiste ar aghaidh ag díriú ar fhorbairt a dhéanamh ar an ról atá aige maidir le leibhéal tacaíochta níos fearr a chur ar fáil don Oifigeach Cuntasaíochta i ngach gné d'fheidhm iniúchóireachta inmheánaí. Cuireadh na hiniúchtaí seo a leanas, ón bPlean Straitéiseach Iniúchóireachta, faoi bhráid an Choiste in 2025:

- Bainistíocht Soláthraithe
- Comhlíonadh CCSP
- Comhlíonadh RGCS
- Cibearshlándáil (gné na Cosanta)

Fuair an Coiste tuarascáil faoi Rialuithe Inmheánacha ag a chruinniú i mí an Mhárta. Thug an tuarascáil breac-chuntas ar na rialuithe atá i bhfeidhm agus bhí alt ann inar tugadh freagra ar theoraíocht sa tuarascáil ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir le tionchar na hoibre cumaisc ar an timpeallacht rialaithe. Ullmhaíodh an tuarascáil don Fhoireann Feidhmiúcháin agus cuireadh í faoi bhráid an Choiste Iniúchóireachta agus an Bhoird, d'fhonn dearbhú a thabhairt i ndáil leis na rialuithe inmheánacha atá i bhfeidhm. Ceanglaíodh ar gach Príomhoifigeach rialuithe inmheánacha ina réimse a fhormheas agus réimsí lena bhfeabhsú a shainaithint. Cuireadh torthaí na gceistneoirí sin agus gach gné eile de na rialuithe inmheánacha sa tuarascáil. Cuireadh an tuarascáil faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste freisin agus d'úsáid an tOifigeach Cuntasaíochta í mar dhearbhú a lig di an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach a fhormheas.

Cuireadh an Tuarascáil Bhliantúil ón gCoiste Iniúchóireachta faoi bhráid an Oifigigh Chuntasaíochta freisin.

Bainistíocht Riosca
Tá Creat Bainistíochta Riosca cuimsitheach agus Beartas Bainistíochta Riosca cuimsitheach i bhfeidhm. Déanann Coiste Bainistíochta Riosca inmheánach maoirseacht ar chur i bhfeidhm an chreata seo agus monatóireacht air. Thuairiscigh Cathaoirleach an Choiste Bainistíochta Riosca don Choiste Iniúchóireachta ag gach cruinniú in 2025, agus rinneadh athbhreithniú ar an gClár Rioscaí Corparáideacha i rith 2025.

Baineann na rioscaí ollmhóra atá roimh an eagraíocht faoi láthair leis an riosca go ndéanfaí sárú tromchúiseach ar shlándáil TF as a leanfadh cur isteach ar ghníomhaíocht oibriúcháin nó caillteanas sonraí, agus an riosca go gcuirfí isteach go mór ar sheirbhísí nó go dtarlódh sceitheadh/caillteanas sonraí mar thoradh ar

theagmhas cibearshlándála ar an gcóras STAR nó sa bhunachar sonraí (an t-ardán earcaíochta oidhreachta). Tá roinnt maoluithe i bhfeidhm againn chun dul i ngleic leis na rioscaí atá i láthair sna réimsí sin; déanfaidh cur i bhfeidhm na moltaí ó Iniúchadh ar Chibearshlándáil a rinneadh i mí na Nollag 2025 na rialuithe a neartú tuilleadh.

In 2025, tionóladh 11 chruinniú den Choiste Bainistíochta Riosca, 17 iniúchadh ar Chláir Rioscaí na n-aonad faoi leith, 3 athbhreithniú ar an gCoiste Sláinte agus Sábháilteachta agus athbhreithniú amháin ar an bPlean Leanúnachais Ghnó.

Creata agus Beartais Rialachais
Rinneadh athbhreithniú ar gach creat agus beartas iomchuí a bhain le Rialachas agus rinneadh iad a nuashonrú nuair ba ghá le linn 2025, ina measc Creat Rialachais agus Socruithe Iniúchóireachta agus Dearbhaithe poistphoiblí. Mar a leagtar amach thuas, cuireadh Athbhreithniú bliantúil ar Rialuithe Inmheánacha i gcrích. Bhí Comhaontú Soláthair Feidhmíochta bliantúil i bhfeidhm idir poistphoiblí agus ár máthair-roinn rialtais, DPER, chomh maith. Chomhlánaigh muid ceistneoir bliantúil maidir le féinmheasúnú ar rialachas agus chuir muid faoi bhráid DPER é, lena dheimhniú go bhfuil cóid, ciorcláin agus reachtaíocht ábhartha maidir le rialachas á gcomhlíonadh againn.

Reáchtáil muid dhá sheisiún oiliúna agus feasachta dár bhfoirne Bainistíochta agus Ceannaireachta faoinár gcreataí agus beartais rialachais i mí na Samhna, inar tugadh pointí rialachais tábhachtacha nach mór do bhainisteoirí sinsearacha cuimhneamh orthu.

Bainistíocht Cháilíochta
Thug muid próiseas nua isteach in 2025 chun Dearbhú Cáilíochta a sheiceáil sna haonaid go léir, mar chuid dár n-iarrachtaí um Dhearbhú Cáilíochta agus Feabhsúchán. Tá sé mar aidhm ag an bpróiseas seiceála nua sraith bhreise de dhearbhuithe a thabhairt don lucht ardbhainistíochta go bhfuil dea-chaighdeáin agus dea-chleachtais earcaíochta, measúnaithe agus roghnúcháin á gcoinneáil ar bun go comhsheasmhach sna haonaid go léir.

Thug muid Creat Bainistíochta Eolais isteach freisin, agus cur chuige níos struchtúrtha ar an gcaoi a ndéanann muid, mar eagraíocht, eolas agus faisnéis a fháil, a roinnt agus a úsáid. An sprioc atá ag an gcreat ná roinnt eolais a fheabhsú, forbairt foirne a chumasú, cinnteoireacht a fheabhsú, agus soláthar seirbhísí níos fearr a chumasú.

Fuair muid 12 thuairisc agus rinneadh 19 moladh mar chuid den phróiseas inmheánach um Ghníomhartha Ceartaitheacha agus Coisctheacha, chun dul i ngleic le fadhbanna a thagann chun cinn a bhaineann lenár seirbhísí agus próisis, chun iad a thaifeadadh agus a réiteach, agus lena chinntiú go bhfuil muid ag comhlíonadh ár ndualgais mar

an earcaitheoir láraithe don státseirbhís agus don tseirbhís phoiblí in Éirinn. Ba é 12 sheachtain an mheántréimhse ama a thóg sé chun Gníomh Ceartaitheach agus Coisctheach a dhúnadh in 2025, agus bhain na catagóirí tuairisce ba choitianta le bainistíocht na bpainéal; 25% de na fadhbanna go léir a tuairiscíodh. Ina dhiaidh sin bhí achomhairc ag iarrthóirí (17%) agus incháilitheacht (17%).

Cuireadh 143 dhoiciméad a raibh rialú cáilíochta déanta orthu tríd an bpróiseas ceadaithe inmheánach chun ár stór de bhreis agus 450 doiciméad a bhfuil rialú cáilíochta déanta orthu a nuashonrú, nó chun cur leis. Coimeádann an fhoireann Cháilíochta na doiciméid, cuimsíonn siad ceanglais rialála agus dlíthiúla poistphoiblí (Cód Cleachtais CCSP, séantaí dlí, gnéithe cosanta sonraí, srl.), agus tá siad ar fáil d'aonaid ar inlíon na foirne (eHub) lena n-úsáid le linn comórtas earcaíochta.

Athbhreithnithe ar Chód Cleachtais an CCSP
Fuarthas 238 n-achomharc in 2025. Astu sin, bhain 183 (77%) le hathbhreithnithe faoi Alt 7 agus bhain 14 (6%) le hachomhairc faoi Alt 8. Seasadh le 89% de na hachomhairc (177) ar an iomlán.

Seasadh le 87% (160) de na hachomhairc a bhain le hathbhreithnithe faoi Alt 7, agus seasadh le 100% (14) de na hachomhairc a bhain le hachomhairc faoi Alt 8. Seasadh leis na trí achomharc a bhí taobh amuigh den Chód Cleachtais freisin.

As an 11% de na hachomhairc a cuireadh ar ceal (23), bhain 9 gcinn le gníomhaíochtaí chun daoine a earcú chuig na gráid ghinearálta, ina measc measúnuithe, agallaimh agus gearrliostú. Bhain ceithre cinn le gníomhaíochtaí ceadaithe, ina measc critéir incháilitheachta agus próisis cheadaithe. Bhain ceithre cinn le comórtais ghairmiúla agus theicniúla, bhain trí cinn le comórtais rialtais áitiúil agus bhain trí cinn le comórtais earcaíochta sa réimse dlí agus cirt.

Iarratais maidir le Saoráil Faisnéise agus Iarratais ar Rochtain ag Duine is Ábhar Sonraí
Fuarthas 72 iarratas maidir le Saoráil Faisnéise (FOI) in 2025. Astu sin, deonaíodh 27 ina n-iomláine, deonaíodh 27 i bpáirt, diúltaíodh 6 cinn, bhí cinneadh ar feitheamh i leith 3 cinn ag deireadh na bliana, agus tarraingíodh ceann amháin siar. Láimhseáladh ocht gcinn de na hiarratais taobh amuigh de FOI.

Fuarthas 39 iarratas ar Rochtain ag Duine is Ábhar Sonraí in 2025. Astu sin, deonaíodh 24 ina n-iomláine, deonaíodh 7 i bpáirt, diúltaíodh 7 gcinn, agus bhí cinneadh ar feitheamh i leith cheann amháin ag deireadh na bliana.

An Rannóg Airgeadas

Chuir an POF, ina cháil mar Oifigeach Cuntasaíochta, an Cuntas Leithreasa do 2025, lena n-áirítear an Ráiteas bliantúil maidir le Rialú Inmheánach agus Ráitis Airgeadais, faoi bhráid Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Chuir muid an próiseas meastachán i gcomhair mhaoiniú Státchiste i gcrích. An Ceannasaí Airgeadais (Cuntasóir Gairmiúil) a d'ullmhaigh ár meastachán i gcomhar leis an bhFoireann Feidhmiúcháin, ag féachaint dár riachtanais acmhainní.

Tháinig ár bhfoghrúpa Airgeadais le chéile i rith 2025 chun leithdháiltí buiséid agus airgeadais a bhainistiú laistigh de poistphoiblí, chun luach ar airgead, dea-bhainistiú airgeadais agus soláthar phríomhchuspóirí agus phríomhthosaíochtaí na heagraíochta a chinntiú.

Cuireadh tuairiscí airgeadais ar fáil do bhainisteoirí/sealbhóirí buiséid gach ionaid chostais ar bhonn míosúil, bunaithe ar ár bpróiseas inmheánach éadála agus ceannaigh.

Choinnigh muid Clár Conarthaí ar bun agus thug ár nOifigeach Soláthair tiomnaithe treoraíocht agus tacaíocht inmheánach a bhain le soláthar poiblí. Leanamar orainn ag cloí le ceanglais maidir le Soláthar Poiblí Glas, i gcomhréir le treoraíocht na hOifige um Sholáthar Rialtais.

Nochtaí Cosanta
Tá an beartas a oibríonn poistphoiblí faoi théarma na nAchtanna um Nochtadh Cosanta ceaptha gach oibreoir a éascú agus a spreagadh chun nithe is údar dílis imní a ardú faoi éagóir fhéideartha san ionad oibre, ionas gur féidir imscrúdú a dhéanamh ar na nithe sin i gcomhréir leis an bprionsabal den cheartas nádúrtha agus ionas gur féidir aghaidh a thabhairt orthu ar bhealach a bheadh iomchuí do chúinsí an cháis. Le hAlt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, arna ionadú le hAlt 30 den Acht um Nochtadh Cosanta (Leasú), 2022, ceanglaítear ar chomhlachtaí poiblí tuarascáil i bhformáid gan ainmneacha a ullmhú agus a fhoilsiú i ndáil leis an mbliain roimhe.

De bhun an cheanglais seo, is féidir le poistphoiblí a dhearbhú gur cuireadh trí Thuarascáil faoi bhráid na hOifige seo in 2025. Tá mionsonraí faoi thoradh na dtuarascálacha sin tugtha thíos.

Dáta a fuarthas an Tuarascáil	Stádas	Toradh
10/03/2025	Dúnta	Glacadh leis an tuarascáil agus rinneadh imscrúdú uirthi. Ní bhfuarthas aon fhianaise ar éagóir, ní

		dhearnadh aon ghníomh eile.
27/06/2025	Dúnta	Glacadh leis an tuarascáil agus rinneadh imscrúdú uirthi. Ní bhfuarthas aon fhianaise ar éagóir, ach rinneadh roinnt moltaí chun an próiseas a fheabhsú.
22/09/2025	Dúnta	Glacadh leis an tuarascáil agus rinneadh imscrúdú uirthi. Ní bhfuarthas aon fhianaise ar éagóir, ní dhearnadh aon ghníomh eile.

Comhshaol, Sóisialta agus Rialachas (CSR)
Tháinig ár nGrúpa Gníomhaíochta CSR le chéile le linn 2025 chun dul chun cinn a dhéanamh ar thionscnaimh agus gníomhaíochtaí CSR i gcomhréir lenár gcreat agus lenár spriocanna CSR.

Roghnaigh muid Cumann Alzheimer na hÉireann mar ár gComhpháirtí Carthanais, tar éis dúinn dul i gcomhairle leis an bhfoireann. Reáchtáil muid roinnt ócáidí tiomsaithe airgid do charthanais i rith na bliana, ina measc Seachtain Deinime, crannchur le haghaidh Chiseán Cásca, Siúlóidí Cuimhne Alzheimer, Dúshlán na gCéimeanna agus Lá Tae. Reáchtáil muid seisiúin faisnéise agus feasachta faoi ghalar Alzheimer don fhoireann freisin.

D'fhoilsigh muid faisnéis/sonraí inár dTuarascáil Bhliantúil a bhain le húsáid fuinnimh (Gás agus Leictreachas) agus inbhuanaitheacht (astaíochtaí C02) in poistphoiblí. Bhain muid úsáid as an Scéim Aisíoctha Éarlaise. Thug na baill foirne buidéil agus cannaí ar ais agus bronnadh an t-airgead a bailíodh ar Chlann Shíomóin. Chuir muid comharthaíocht/lipéid níos soiléire ar araidí chun feabhas a chur ar athchúrsáil agus chun dramhaíl ghinearálta a laghdú. Rinne muid athbhreithniú bliantúil ar ár dTreochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide, agus lean muid ar aghaidh ag úsáid na sonraí inár dtuarascálacha míosúla ar úsáid fuinnimh agus inbhuanaitheacht.

Mar a leagtar amach thuas, rinneadh athbhreithniú ar gach creat agus beartas iomchuí a bhain le rialachas agus rinneadh iad a nuashonrú nuair ba ghá le linn 2025, ina measc Creat Rialachais agus Socruithe Iniúchóireachta agus Dearbhaithe poistphoiblí. Cuireadh Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe Inmheánacha i gcrích freisin, agus d'fhorbair muid Cód Iompair nua do Sholáthraithe.

Inbhuanaitheacht agus Úsáid Fuinnimh
Cloíonn poistphoiblí le Ciorclán 01/2020.

I gcomhréir lenár n-oibleagáidí chun laghdú 50% a chur ar ár lorg carbóin faoi 2030, tá céimeanna tábhachtacha déanta ag poistphoiblí chun ár n-úsáid fuinnimh a laghdú in Áras na Caibidle. Tá laghdú 62% curtha ar an ídiú fuinnimh in Áras na Caibidle ó tosaíodh an feachtas *'Optimising Power @ Work'* in 2012. Chun comparáid a dhéanamh, is 31% atá sa mheánchoigilteas fuinnimh i measc na bhfoirgneamh go léir san fheachtas. Ullmhaíodh tuarascáil i mí na Nollag 2025 a léirigh na feabhsúcháin mhóra atá déanta ó chuaigh muid isteach san fheachtas seo, agus thug sí anailís mhionsonraithe agus na treochtaí ó thaobh úsáide san Oifig seo. I gcomhréir lenár ngealltanas chun cinnteoireacht a dhéanamh de réir sonraí, beifear ag brath ar an tuarascáil seo chun bealaí a shainaithint chun ár n-úsáid fuinnimh a laghdú tuilleadh in 2026.

Mar seo a leanas a bhí an t-ídiú fuinnimh iomlán in Áras na Caibidle in 2025:

- **Leictreachas:** 63,719 kWh
- **Gás:** 8,094 kWh







Faoi na ceanglais i gCiorclán 01/2020: Nósanna Imeachta chun na hAstaíochtaí a bhaineann leis an Aerthaisteal Oifigiúil a Fhritháireamh, déanann poistphoiblí meastachán ar an úsáid charbóin a eascraíonn as aerthaisteal a dhéantar le haghaidh gnó oifigiúil agus déantar í a fhritháireamh (trí íocaíocht leis an gCiste um Ghníomhú ar son na hAeráide). Ba l.887 tona a bhí san úsáid charbóin mheasta le haghaidh 2025.

Bord Comhairleach CÉ&I

D'óstáil muid cruinnithe de Bhord Comhairleach CÉ&I poistphoiblí ar an láthair i mí na Bealtaine agus i mí na Samhna. Tá an Bord comhdhéanta de bhreis agus 25 cheannaire shinsearacha ón rialtas, ón tsochaí shibhialta agus ón earnáil príobháideach, agus éascaíonn sé treoraíocht straitéiseach faoi chur i bhfeidhm ár straitéise CÉ&I 2024-2026; lena chinntiú go mbeidh ár ngníomhartha bunaithe ar ionchuimsiú oibriúcháin.



Fiosraíodh raon ábhar spéisiúil le haoichainteoirí, painéil agus seisiúin ar an imeall, cuir i gcás muintearas agus cultúr a chothú san ionad oibre, an luach atá le líonraí faoi stiúir na foirne, prionsabail na smaointeoireachta deartha a leabú, iarrthóirí ó phobail atá faoi ghannionadaíocht a mhealladh, agus cur leis an éagsúlacht inár bpróisis roghnúcháin.

Eisíodh suirbhé do chomhaltaí ag deireadh 2025 chun aiseolas a bhailiú faoi oibriú an Bhoird agus topaicí a d'fhéadfaí a phlé i gcruinnithe amach anseo. Tá aiseolas dearfach faighte againn, chomh maith le moltaí faoi thopaicí spéisiúla le plé i gcruinnithe amach anseo.

Urraíocht

In 2025, rinne poistphoiblí urraíocht ar an gcatagóir 'Eagraíocht Earnála Poiblí na Bliana' arís ag na Gradaim Náisiúnta um Éagsúlacht agus Ionchuimsiú, a óstálann Ionad Éagsúlachta na hÉireann gach bliain. Bhronn an POF an gradam ar bhuaiteoirí 2025, Solas, ag an searmanas gradam sa Clayton Hotel ar Bhóthar Burlington i mí



Feabhra. Bhí áthas orainn dul i bpáirt le Exchange House Ireland arís chun urraíocht a dhéanamh ar na Gradaim Náisiúnta d'Éachtaí Oideachais ag Daoine den Lucht Siúil in 2025. Fuair 63 duine gradam.

Gníomhaíochtaí Gaeilge
Lean muid ar aghaidh ag comhlíonadh ár ndualgas faoi Achtanna na dTeangacha Oifigiúla in 2025.

Cuireadh roinnt ball foirne nua leis an bhfoireann tacaíochta Ghaeilge, Foireann na Gaeilge.

Gan obair do thionscadal an ardáin earcaíochta nua agus aistriúcháin ad hoc san áireamh, fuair Foireann na Gaeilge os cionn 1,600 doiciméad le haistriú in 2025. B'ionann an méid sin agus méadú 10%+ ar an éileamh ar aistriúchán i gcomparáid le 2024, agus méadú 40%+ i gcomparáid le 2023. Léirigh sé tiomantas poistphoiblí do leaganacha Gaeilge den mhéid is mó dár bpróisis agus is féidir a chur ar fáil.

Déanann Foireann na Gaeilge comhordú ar scileanna Gaeilge iarrthóirí a mheas, nuair a thugtar rogha dóibh dul faoi mheasúnú Gaeilge mar chuid de chomórtais earcaíochta áirithe i réimse an Rialtais Áitiúil. Rinneadh measúnú ar 77 iarrthóir in 2025, i 44 chomórtas faoi leith.

D'éascaigh Foireann na Gaeilge aistriúchán ábhar freisin lena chinntiú go mbeidh feidhmeanna ár n-ardáin earcaíochta nua ar fáil go dátheangach d'iarrthóirí agus do chliaint.

Cuireadh oiliúint ar an bhfoireann sa leagan nua den ardán aistriúcháin a úsáideann an eagraíocht, agus tá leagan níos comhoibríche de na bogearraí ar an ardán á úsáid ag an bhfoireann anois, as a leanann níos mó solúbthachta agus éifeachtúlachta.

D'éascaigh Foireann na Gaeilge tuilleadh rannpháirtíochta le páirtithe leasmhara a bhaineann leis an nGaeilge i rith 2025 freisin, ina measc Roinn na Gaeltachta, Lárionad na Gaeilge in Ollscoil Mhá Nuad, TEG (Teastas Eorpach na Gaeilge), Foras na Gaeilge, Gaelchultúr agus Gréasán Gaeilge na hEarnála Poiblí.

Ní bhfuair Foireann na Gaeilge aon ghearán ó Oifig an Choimisinéara Teanga in 2025.

An Bhearna Phá idir na hInscní a Thuairisciú
D'fhoilsigh muid tuarascáil ar an mbearna phá idir na hinscní, 2025, ar an suíomh gréasáin publicjobs.ie. Léirigh Tuarascáil 2025 ar an mBearna Pá idir na hInscní

bearna phá i bhfabhar na mban. Léirigh an toradh sin comhdhéanamh ár luchta saothair, ar fhir iad 34% agus ar mhná iad 66%.

Dualgas Earnála Poiblí

Aithníonn muid an oibleagáid reachtúil atá orainn maidir le Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a leagtar amach faoi Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014 a chur i bhfeidhm. Tá an measúnú a dhéanann muid ar na saincheisteanna maidir le comhionannas agus cearta an duine a chreideann muid atá ábhartha dár gcuspóir agus dár bhfeidhm leagtha amach inár Straitéis CÉ&I, agus tá muid tiomanta dá cur i bhfeidhm agus do gach gné dá soláthar. I measc na bpríomhthéamaí a sainaithníodh bhí:

- An gá le bealaí rochtana éagsúla ar fhostaíocht san earnáil phoiblí, agus an gá le bearta um ghníomh dearfach a fhiosrú do ghrúpaí áirithe daoine, lena chur ar a gcumas rochtain a dhéanamh ar fhostaíocht.
- Bhraith roinnt grúpaí daoine go raibh bacainní rompu sa mheasúnú agus sa tástáil a úsáideadh le linn na hearcaíochta.
- Tá dúshláin ann maidir le hinrochtaineacht agus ionchuimsiú i gcórais agus i bpróisis earcaíochta, agus is tábhachtach teagmháil a dhéanamh le linnte iarrthóirí éagsúla.
- An tábhacht a bhaineann le cultúr dearfach san eagraíocht
- An gá le ceannaireacht ionchuimsitheach, agus le tacadóirí agus eiseamláirí ionchuimsithe
- An gá le hoiliúint, agus an gá le cleachtas a roinnt chun CÉ&I a chur i bhfeidhm ar fud na státseirbhíse agus na seirbhíse poiblí.

Tá gníomhartha ábhartha a cuireadh i bhfeidhm in 2025. sna codanna seo a leanas den tuarascáil seo:

- An tAonad um Sheirbhísí Measúnaithe agus Aonad na gComhaltaí Boird
- Freastal ar Imeachtaí ar Fud na Tíre
- Conairí Tallainne agus Bealaí Isteach Éagsúla
- Linn Tallainne níos Leithne agus níos Éagsúla a Chruthú
- Daoine agus Cultúr
- Rialachas – Bord Comhairleach CÉ&I

Teicneolaíocht

Forbairtí Digiteacha

Rinne muid dul chun cinn mór ar dhíchoimisiúnú ardán earcaíochta oidhreachta poistphoiblí in 2025. Rinneadh roinnt nuashonruithe ar bhogearraí an ardáin

oidhreachta chun é a chomhtháthú lenár n-ardán earcaíochta nua, rud a chabhraigh linn iarrthóirí agus baill foirne a aistriú chuig an ardán nua. Rinneadh dul chun cinn ar an obair chun timpeallacht theicniúil nua a chruthú, ionas gur féidir rochtain a dhéanamh ar shonraí stairiúla nuair a bheidh an t-ardán oidhreachta díchoimisiúnaithe go hiomlán in 2026.

Rinneadh na bogearraí atá mar bhonn agus taca leis an suíomh gréasáin publicjobs.ie a nuashonrú go dtí an leagan is déanaí in 2025, chun slándáil agus tacaíocht na mbogearraí a uasmhéadú amach go 2026. Cuireadh béim leanúnach ar inrochtaineacht agus inúsáidteacht, agus rinneadh gnéithe nua agus codanna den suíomh gréasáin a dhearadh agus a fhorbairt.

Lean muid orainn ag cur feidhmeanna leis an ardán Microsoft Power, agus forbraíodh raon seirbhísí, ina measc córas a uathoibríonn gnéithe de phróiseas Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána ar iarrthóirí, agus an aip nua inmheánach, Treoir Ghairme. Chuir muid córas ticéadaithe nua i bhfeidhm chun ceisteanna ó iarrthóirí a chur ar aghaidh chuig an Aonad Tacaíochta d'Iarrthóirí. Lean muid de mheasúnú a dhéanamh ar dheiseanna chun níos mó teicneolaíochta a chomhtháthú inár bpróisis, ina measc meastóireacht ar roghanna chun agallaimh a thaifeadadh.

Leanadh de chlár rollta i rith 2025 chun ár mbonneagar líonra a nuachóiriú. Rinneadh ríomhairí glúine uile na foirne a uasghrádú go dtí Windows II, agus rinneadh roinnt dár mballaí dóiteáin agus lasc líonra a uasghrádú lena chinntiú nach bhfuil ár líonra agus bonneagar ag rith ar chrua-earraí nó ardáin bhogearraí ag deireadh a saolré. Cuireadh tionscadal chun críche go rathúil chun crios tuirlingthe Microsoft Azure a chruthú, rud a chuireann bonn láidir ar fáil chun ualaí oibre a aistriú chuig Azure Cloud amach anseo - chun inscálaitheacht, rialachas agus cloí le dea-chleachtais a chinntiú ón tús.

Cibearshlándáil

Níor tharla aon teagmhas mór cibearshlándála le linn 2025, ach is maith is eol dúinn gur ghá leanúint dár gcleachtais a chur in oiriúint agus a fhorbairt chun dul i ngleic le cibearbhagairtí nua agus cibearbhagairtí atá ag teacht chun cinn.

Is príomhthosaíocht straitéiseach i gcónaí do poistphoiblí í slándáil ár sonraí agus ár líonraí. Tá cur chuige ilsrathach againn ar chibearshlándáil; infheistiú i dteicneolaíochtaí nua, oiliúint a chur ar an bhfoireann, dianmheasúnú a dhéanamh ar na cosaintí slándála atá i bhfeidhm againn, agus forbairt leanúnach a dhéanamh ar ár bpróisis agus beartais.

Chuir muid ardán bainistíochta sócmhainní digiteacha nua i bhfeidhm in 2025, rud a thugann radharc níos fearr ar ár n-eastát digiteach dúinn. Chuir muid réiteach nua

um Bainistiú Rochtana Pribhléidithe i bhfeidhm ag deireadh 2024 agus cuireadh i bhfeidhm go hiomlán é in 2025. Cuireann sé sásra ar fáil chun cuntais riarthóirí a rialú agus a dhaingniú agus chun monatóireacht a dhéanamh orthu, agus chun mí-úsáid agus cibirionsaithe a chosc, agus forfheidhmíonn sé prionsabal an phribhléid is lú.

Chuir muid béim mhór ar fheasacht agus oiliúint na foirne i rith 2025, agus cuireadh oiliúint i gcibearshlándáil láraithe ar fáil do gach ball foirne go tráthrialta. Rinne muid feachtais ionsamhlaithe ar ríomhphoist fioscaireachta ar bhonn tréimhsiúil chun éifeachtacht na hoiliúna a bhí curtha ar fáil a thomhas.

Tá iniúchadh inmheánach tráthrialta agus measúnuithe leochaileachta ar ár líonraí tábhachtach chun cabhrú linn feabhas leanúnach a chur ar an gcaoi a gcosnaíonn muid muid féin in aghaidh cibearbhagairtí. Rinne muid athbhreithniú ar gach ceann dár bpróisis agus ar ár mbeartas a bhain le cibearshlándáil le linn 2025.

Intleacht Shaorga (IS)
Rinneadh an-chuid plé agus taighde ag leibhéal na hardbhainistíochta faoi úsáid fhéideartha IS in poistphoiblí. Forbraíodh sraith thosaigh socruithe ar aidhm leo an úsáid a d'fhéadfadh muid a bhaint as IS amach anseo a rialú, agus tá súil againn cur leo le linn 2026, agus Beartas IS a fhorbairt don eagraíocht.

Tháinig ár nGrúpa Oibre IS le chéile i rith na bliana agus cuireadh oiliúint in IS ar roinnt ball foirne. Rinne roinnt ball den lucht bainistíochta Dioplóma san Intleacht Shaorga don Ghnó in Acadamh Gairmiúil CÓBÁC.

Measúnú ar an bhFardal Sonraí (MFS)
Rinne poistphoiblí MFS in 2025 chun tuiscint níos fearr a fháil ar ár dtírdhreach sonraí agus chun feabhas a chur ar rialachas sonraí ar an iomlán. Rinneadh iarracht, leis an measúnú, chun dul i ngleic le príomhdhúshláin, cuir i gcás sealúchas sonraí nach bhfuil soiléir, dúbailt sonraí, deacrachtaí le comhtháthú, cáilíocht neamh-chomhsheasmhach sonraí, agus neamhéifeachtúlacht maidir le rochtain a fháil ar shonraí agus iad a úsáid.

Lenár sonraí a aistriú ón ardán earcaíochta oidhreachta go dtí an t-ardán nua, Oleeo, chomh maith le teacht chun cinn réiteach nua chun sonraí a stóráil agus a thuairisciú, tugadh deis thráthúil dúinn tabhairt faoi mheasúnú bonnlíne cuimsitheach ar aidhm leis cáilíocht ár sonraí a fheabhsú. Tionscnamh straitéiseach a bhí ansin atá in ann buntáistí móra gearrthéarmacha agus fadtéarmacha a thabhairt do poistphoiblí mar eagraíocht - mar a fheictear i gcás tionscnamh den chineál céanna i ranna rialtais agus comhlachtaí poiblí eile.

Tacóidh an measúnú le poistphoiblí cinntí eolacha a dhéanamh faoinár rialachas sonraí, luach ár sonraí agus úsáid ár sonraí; réiteoidh sé an bealach le haghaidh cleachtais bainistíochta sonraí níos fearr; agus déanfaidh sé luach ár sócmhainní faisnéise a uasmhéadú. Sa bhreis air sin, feidhmeoidh sé mar an gcéad chéim i dtreo catalóg sonraí agus straitéis sonraí don eagraíocht a fhorbairt - mar a mhol Aonad Rialachais Sonraí OGCIO (Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais).

Faoi dheireadh R4 2025, bhí a gcuid tuairisceán deiridh MFS sínithe agus curtha isteach ag gach ceann dár n-aonad gnó. Cuireadh gach teimpléad comhlánaithe le chéile ansin in aon fhardal sonraí amháin a chuimsigh an eagraíocht go léir – an chéad chéim i dtreo catalóg sonraí chuimsitheach a chruthú.

Is féidir leis na léargais seo bheith mar bhonn eolais do raon níos leithne tionscnamh eagraíochtúil, lena n-áirítear tuairisciú CSR, comhlíonadh leis an Acht um Chartlann Náisiúnta, iarrachtaí Sonraí Oscailte, catalógú sonraí, agus aistriú sonraí.

Rinne an Ceannaire Tionscadail, in éineacht lenár gcomhpháirtí tacaíochta, Derilinx, agallaimh neamhfhoirmiúla le bainisteoirí sinsearacha áirithe agus le príomhpháirithe leasmhara ar fud na heagraíochtaí i mí Dheireadh Fómhair agus i mí na Samhna. Rinne na rannpháirtithe ionadaíocht ar raon leathan feidhmeanna, ina measc an tAonad um Sheirbhísí Measúnaithe, Tuiscintí Gnó agus Uathoibriú, Comhlíonadh, Seirbhísí Corparáideacha, CÉ&I, Oibríochtaí Earcaíochta agus Earcú Tallainne. Thug na seisiúin sin léargais luachmhara chun cabhrú leis an tuarascáil deiridh a mhúnlú, ceann de na príomh-aschuir ón tionscadal.

Cuireadh tús leis an obair ar an tuarascáil deiridh i mí na Nollag, agus tá sí le foilsiú in 2026. Beidh moltaí inti chun cabhrú le feabhas a chur ar rialachas sonraí agus ar chleachtais bhainistíochta sonraí ar fud poistphoiblí.

poistphoiblí
publicjobs

poistphoiblí
Áras na Caibidle,
26/30 Sráid na Mainistreach Uachtarach,
Baile Átha Cliath I.
Eircode: D01 C7W6.
Fón: 01 858 7400

Is féidir leat coinneáil suas chun dáta linn ar **publicjobs.ie** agus trí muid a leanúint ar na hardáin shóisialta:

INTEGRITY AT WORK